Ábhar

Fáilte

Roinn I — Athbhreithniú 2021

I	Pleanáil	119
II	Sláinte	121
III	Oideachas	123-127
IV	Pobail	129-135
V	Ar Fud An Láithreáin	137-139
VI	Ealaín Phoiblí	141-143
VII	Stair Ghráinseach Ghormáin	145-147
VIII	Ag féachaint ar aghaidh	149

Roinn II — Inbhuanaitheacht

IX	Comhthéacs na hInbhuanaitheachta	151
X	Feidhmíocht na Sé Cholún	153-163
XI	Méadracht agus Socrú Spriocanna	165

Roinn III — Rialachas

XII	Nochtuithe agus Tuairisciú Reachtúil	167
XIII	Ráitis Airgeadais	169

Aguisíní 219

Fáilte an Chathaoirligh

Paul O'Toole, Cathaoirleach na Gníomhaireachta

Bliain an-suntasach a bhí in 2021 maidir le tionscadal Ghráinseach Ghormáin. 10,000 mac léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a theacht chuig áiseanna oideachais nua saintógtha, maille le 1,200 ball foirne, agus athchóiriú an Tí Íochtair stairiúil a chur i gcrích, ba chéimeanna eile arís iad i dtreo fhís an Mháistirphlean a fhíorú.

Is garspriocanna móra iad seo in am ar bith, agus mar gheall ar na dúshláin bhreise a bhaineann leo de dheasca na paindéime, is mó fós an tábhacht atá leis an ngníomhaíocht mac léinn atáimid a fheiceáil i nGráinseach Ghormáin. Is éachtaí iad na nithe sin agus beidh tábhacht lena gceiliúradh in éineacht lenár bpáirtithe leasmhara ar fad de réir mar a fhilltear ar na himeachtaí i bpearsa.

Lean an Bord de bheith ag díriú ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis 5 Bliana le linn 2021 agus de thacaíocht a thabhairt don Fheidhmeannacht agus í á cur i bhfeidhm. Aithníodh inbhuanaitheacht mar phríomhluach de chuid na Gníomhaireachta agus is le teann fócais athnuaite ar an ábhar ríthábhachtach seo a cheadaigh an Bord Straitéis Inbhuanaitheachta nua i dtreo dheireadh na bliana. Leanfaidh an Bord de bheith ag comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcomhpháirtithe tionscadail chun forbairt a dhéanamh ar ár spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide agus chun a chinntiú go ndéanann Gráinseach Ghormáin a cion chun dul i ngleic leis an ngéarchéim chomhshaoil agus bhithéagsúlachta. Tá Straitéis Chumarsáide nua i bhfeidhm anois freisin, rud a chinntíonn go leanann an Ghníomhaireacht de chumarsáid a dhéanamh ar bhealach soiléir agus ábhartha de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.
Tá an-chuid oibre déanta ar sholáthar i rith na bliana agus leis an gcomórtas deartha de chuid na hInstitiúide Taighde nua FOCAS, cuirtear an Ghníomhaireacht i dtreis mar nuálaí sa soláthar forásach. Chomh maith leis sin, rinne an Ghníomhaireacht an soláthar le haghaidh chonraitheoir an Mhoil Acadúil a thabhairt chuig céim na gconarthaí, rud lenar réitíodh an bealach chun tús a chur leis an tionscadal ríthábhachtach seo go luath in 2022. Is príomhfhócas í an straitéis soláthair fós ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannacht agus sinn ag breathnú romhainn.
Ina theannta sin, is iontach an rud é an rath leanúnach atá ar chláir um ealaín phoiblí agus um Stair Ghráinseach Ghormáin, bhain an dá chlár éachtaí suntasach amach le linn na bliana agus chuir siad le saibhriú oidhreacht chultúrtha Ghráinseach Ghormáin.
Tabharfaidh na chéad chéimeanna eile móiminteam nua don Tionscadal, óir cuirfear tús le tógáil nua ar an láthair, cuirfear pleananna deartha chun cinn agus tiocfaidh tionscadail nua eile i gceist. I measc na dtionscadal fócais atá ann faoi láthair tá:

- Críochnú na bunscoile buaine le haghaidh Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7.
- Tús leis an Mol Acadúil agus Leabharlann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Cliath, ar foirgneamh suntasach é le haghaidh Ghráinseach Ghormáin.
- Oibreacha riachtanacha cobhsúcháin chuig foirgneamh íocónach an Chlogthúir.
- An chéad tionscadal tithíochta ar an láthair, ionad cónaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Dul chun cinn na Comharsanachta Cúraim go dtí céim na pleanála.
- Forbairt Chearnóg Thiar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
- Dearadh na hInstitiúide Taighde FOCAS.
- Dul chun cinn na bpleananna le haghaidh rochtain fheiceálach ar Bhóthar na gCloch — Geata Shráid Prúise, agus forbraíocht ilchineálach sa Chloch Leathan.
- Céim I den Ionad Spóirt faoi Dhíon
- Deiseanna fostaíochta, oiliúna agus gnó eile de thoradh na forbraíochta
- Tuilleadh tionscadal atá bunaithe ar an Ealaín Phoiblí agus ar an Stair.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach gach duine a raibh baint acu le Tionscadal Ghráinseach Ghormáin a thabhairt chuig an gcéim seo agus ba mhaith liom béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le ceiliúradh a dhéanamh ar ár ngarspriocanna.
I mo cháil mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhbhaill ar an mBord, le Ger Casey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ball d'fhoireann na Feidhmeannachta, ach oiread lenár gcomhghleacaithe i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus an pobal áitiúil, nárbh fhéidir an tionscadal seo a chur chun cinn gan a dtiomantas agus a dtiomáint leanúnach.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Aire Simon Harris TD agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an tAire Stephen Donnelly, TD agus an Roinn Sláinte; agus an tAire Norma Foley, TD agus an Roinn
Oideachais as a dtacaíocht leanúnach d'fhorbairt Ghráinseach Ghormáin. Táim ag tnúth le dul chun cinn leanúnach le linn 2022.

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireacht

Fáilte

Ger Casey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta

Bliain speisialta a bhí ann le haghaidh na Gníomhaireachta mar gheall gur bhaineamar amach roinnt garspriocanna ríthábhachtacha bainte amach againn i dTionscadal Ghráinseach Ghormáin, agus rinneamar dul chun cinn maith maidir le pleananna a chur chun cinn le haghaidh na chéad chéime eile den fhorbairt. Rinneamar oifigí a athlonnú freisin go Teach na Páirce agus chuireamar tús le téarma nua trí bliana Bhord agus Grúpa Comhairleach na Gníomhaireachta Forbartha. Tá sé iontach an rannpháirtíocht leanúnach a fheiceáil ónár bpáirtithe leasmhara maidir le gach gné den Tionscadal.

Tá 10,000 mac léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath lonnaithe i nGráinseach Ghormáin anois agus is iontach an rud é an suíomh a fheiceáil agus gníomhaíocht níos mó ann i dtaca le mic léinn. I mbliana tugadh i gcrích an foirgneamh is mó atá i nGráinseach Ghormáin, is é sin an Chearnóg Láir, agus taobh leis an gCearnóg Thoir, is éacht mór é le haghaidh an Tionscadail agus le haghaidh Thionscadal Éireann 2040.

Ó osclaíodh an Teach Íochtair ar díol suntais é ó thaobh na staire, an Chearnóg Thoir agus an Cheardlann Priontaíochta, tá saol na hollscoile le fáil ar fud Ghráinseach Ghormáin Íochtarach, agus tá an taobh thoir den suíomh in úsáid den chéad uair. Cuireadh leis an gcomhtháthú níos leithne seo isteach sa chomharsanacht máguaird de thoradh scéim tréscaoilteachta scagtha Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath ar
Ghráinseach Ghormáin Íochtarach, agus nuair a osclaíodh Plás na Cloiche Leithne, ar geata suntasach de chuid Ghráinseach Ghormáin é agus ar nasc é chomh maith idir an suíomh agus an chathair.

Bhí ríméad orainn tús a chur le tógáil na scoile náisiúnta nua le haghaidh Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an gconraitheoir agus táimid ag súil leis an dlaíóg mhullaigh a chur ar an mbloc teagaisc go luath san Athbhliain. Oibreacha riachtanacha ar acomhal Bhóthar Ráth an Dúin agus ar Ghráinseach Ghormáin Uachtarach 'Cearnóg Ghráinseach Ghormáin' — déanfar iad a chur chun cinn in 2022 agus críochnófar iad roimh chríochnú na scoile go luath in 2023

Is é an chéad tionscadal eile ar thalamh an tsuímh ná an Mol Acadúil agus an Leabharlann, ar foirgneamh é lena ndéanfar an Teach Thuaidh atá ann cheana a chomhtháthú isteach san áis nua, is Struchtúr faoi Chosaint é an Teach Thuaidh ach tá sé le bheith ina lárphointe fócasach le haghaidh na hollscoile.

Is dea-scéala eile í an gharsprioc seo maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbliain 2022 agus an fhoireann deartha i bhfeidhm i gcomhair Institiúid Taighde FOCAS Ollscoil Teicneolaíochta Ollscoil Bhaile Átha Cliath de thoradh freagra iontach a fháil ar an gcomórtas deartha. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos i leith an tionscadail seo, laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid carbóin agus úsáid chiorclach ábhar a chur chun cinn ar feadh shaolré iomlán an fhoirgnimh. Bhí an inbhuanaitheacht ríthábhachtach i gcónaí le haghaidh Thionscadal Ghráinseach Ghormáin agus leanann an Ghníomhaireacht den cheantar a fhorbairt i gcás gach tionscadal tógála agus bonneagair. Táimid tiomanta i gcónaí do thaobh na hinbhuanaitheachta sóisialta den fhorbairt trí GLLF, Ealaín Phoiblí Ghráinseach Ghormáin agus Stair Ghráinseach Ghormáin.

I measc na mbuaicphointí ó Ealaín Phoiblí Ghráinseach Ghormáin le haghaidh 2021, bhí an chomhdháil idirnáisiúnta 'Public Art Now' agus saothar ealaíne suíomh-shonrach Alexandra Carr, 'Solaris Nexum' sa Chearnóg Láir. Chuaigh Stair Ghráinseach Ghormáin ó neart go neart, le himeachtaí léargasacha ar líne go leor á n-óstáil le linn 2021. Chomh maith leis sin, sheol siad an tsraith iontach 'Grangegorman Lives' i gcomhar leis an Dictionary of Irish Biographies.

Ní gan dua a bhí an bhliain, agus bás James Rooney, fathach agus duine dár ndream féin, bhí sin go mór ar ár n-aigne. Tá an phaindéim fós linn agus bhí tionchar aici ar gach duine, agus ar an Tionscadal chomh maith agus tá súil againn go mbeidh deiseanna níos fearr ann ceiliúradh a dhéanamh ar ár ngarspriocanna lenár bpáirtithe leasmhara arís.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua an Bhoird, Foireann Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, ár gcomhghleacaithe sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ár gComhpháirtithe Tionscadail go léir as an Tionscadal a choinneáil ag dul, agus ár bpáirtithe leasmhara i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an pobal agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht leanúnach.

Suíomh Ghráinseach Ghormáin ón aer 2021. Íomhá: Barrow Coakley Grianghrafadóireacht

I
Pleanáil

Ainmníodh suíomh Ghráinseach Ghormáin mar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) sa bhliain 2010 nuair a ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Scéim Pleanála go foirmiúil in 2012.

Tugann an doiciméad reachtúil seo cinnteacht don Ghníomhaireacht agus dá páirtithe leasmhara araon maidir leis an méid is féidir a fhorbairt agus nach féidir a fhorbairt ar an suíomh. Faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá an Scéim Pleanála, is í a dhéanann maoirseacht ar a cur i bhfeidhm. Ó glacadh scéim pleanála SDZ go dtí mí na Nollag 2019, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 47 n-iarratas pleanála a dheonú.

Athbhreithniú Airde SDZ

Foilsíodh treoirlínte reachtúla le haghaidh Údaráis Phleanála maidir le 'Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgníochta' i mí na Nollag 2018 faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt. Sna treoirlínte sin leagtar béim ar an ngá atá le dul i dtreo patrúin inbhuanaithe na forbartha uirbí agus imeacht ó leathnú uirbeach a bhfuil dlús níos ísle ag baint leis.

Faoi Cheanglas Beartais Shonraigh Pleanála 3, Cuid B de na treoirlínte, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht athbhreithniú airde a dhéanamh ar SDZ Ghráinseach Ghormáin. Tar éis threoirlíne reachtúil 2018, ceapadh Grúpa RPS, i gcomhar le DMOD/MRY, chun athbhreithniú airde a dhéanamh ar Scéim Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí Ghráinseach Ghormáin (SDZ) 2012.

Is ar an bhféidearthacht le haghaidh airde breise laistigh den SDZ amháin a dhíríonn an t-athbhreithniú anseo. I rith 2021 bhí an Ghníomhaireacht i gceannas ar cheardlanna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ollscoil Teicneolaíochta Baile Átha Cliath, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá tuairisc ar an Athbhreithniú Airde á tabhairt chun críche faoi láthair sula rachfar i mbun comhairliúcháin leis an bpobal.

Tráth scríofa na tuarascála, táthar ag súil go rachaidh an tAthbhreithniú Airde chuig an gcomhairliúchán poiblí go déanach in 2022.

Múnla dearaidh luath an CCC. Íomhá: McCullough Mulvin

II
Sláinte

Forbairt Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i nGráinseach Ghormáin

Le cúpla bliain anuas, tá tuiscint nua tagtha chugainn ar ár n-oibrithe cúraim sláinte agus ár seirbhís sláinte. Tá ríthabhacht le háiseanna cúraim sláinte úrscothacha maidir le fís an Mháistirphlean i nGráinseach Ghormáin. Is iad na bunphrionsabail seo a leanas atá mar bhonn don fhís seo:

- Cóiríocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chomhtháthú leis an bpobal áitiúil máguaird
- Príobháideachas agus dínit do chliaint agus d'úsáideoirí na bhfoirgneamh
- Áisiúlacht agus éifeachtacht oibríochta d'fhostaithe Fheidhmeannacht an Seirbhíse Sláinte
- Fearann poiblí inléite agus intuigthe a bhaint amach
- Réimse spásanna amuigh faoin aer a chur ar fáil idir áiteanna atá slán agus áiteanna atá oscailte, iad oiriúnach do riachtanais na gcliant

Go dtí seo chuir an Ghníomhaireacht i gcrích tógáil Ionad Cúraim an Fhionnuisce, arb Áis Meabhairshláinte í a rinneadh a shaintógáil le hOspidéal Bhreandáin a ionadú; agus an tIonad Cúraim Phríomhúil a sholáthraíonn réimse spásanna teiripeacha agus cliniciúla, cúram pobail, agus seirbhísí lia-chleachtóirí ginearálta, chomh maith le bheith ina óstach le haghaidh Ionad Náisiúnta um Dheisiúcháin Áiseanna Éisteachta.

Comharsanacht an Chúraim Chónaithe

Is í Comharsanacht an Chúraim Chónaithe (CCC) an tríú tionscadal de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá le forbairt mar chuid de Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin. Tá sé lonnaithe in aice leis an Ionad Cúraim Phríomhúil agus tá rochtain air ón gCuarbhóthar Thuaidh. Leis an bhforbairt seo cuirfear tithe a chur ar fáil do thart ar 100 cónaitheoir agus cuimsítear inti roinnt feidhmeanna cúraim sláinte comhlántacha lena n-áirítear teach altranais pobail, áis chónaithe meabhairshláinte, ionad cúraim lae, cógaslann, spásanna riaracháin, agus gairdíní príobháideacha agus leathphríobháideacha.

Dearadh an tionscadal faoi stiúir McCullough Mulvin Architects agus Todd Architects, agus is siombail é de shamhail nuálach do chúram atá duinelárnach agus a chuireann ar a gcumas do na cónaitheoirí maireachtáil go neamhspleách, agus nasc acu leis an bpobal i gcoitinne ag an am céanna. Cuid shuntasach eile den tionscadal is ea forbairt a dhéanamh ar cheann de na 'méara glasa' atá beartaithe sa Mháistirphlean ag an gCuarbhóthar Thuaidh.

Cuireadh síneadh suntasach le céim deartha an tionscadail mar gheall ar thionchar COVID-19, ach bhí an Ghníomhaireacht in ann borradh a chur faoin tionscadal an athuair le grúpa athchóirithe d'úsáideoirí deiridh agus foireann na Feidhmeannachta Seirbhíse Sláinte um Eastáit i dtreo dheireadh 2021. Faoi láthair tá an fhoireann ag déanamh dul chun cinn le Tuarascáil Chéim 2a roimh chead pleanála a thaisceadh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair, tá coinne go gcríochnófar Comharsanacht an Chúraim Chónaithe ag deireadh 2025.

Mic léinn agus iad ag baint taitneamh as clós na Cearnóige Láir. Íomhá: Ste Murray

III
Oideachas

Tiocfaidh thart ar 22,000 mac léinn agus 2,000 ball foirne le chéile nuair a dhéanfar gníomhaíochtaí lár na cathrach Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a chomhtháthú isteach i gcampas uirbeach nua ar aon suíomh amháin. Ach a gcruthófar an campas lárnach seo beidh timpeallacht foghlama eisceachtúil ar fáil ina dtacófar le taighde, nuálaíocht agus cur chun cinn an eolais. Mar gheall go mbeidh Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 in aice láimhe, cuirfear le cultúr seo na foghlama agus cuirfear deis ar fáil d'idirghníomhú trasghlúine idir an Scoil Náisiúnta, an Ollscoil, agus Comharsanacht an Chúraim Chónaithe.

An Chearnóg Láir agus an Chearnóg Thoir

Dearadh an Chearnóg Láir agus an Chearnóg Thoir le haghaidh 10,000 mac léinn agus breise agus 2,000 ball foirne in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar thart ar 52,000m² áiseanna nua saintógtha oideachais. Tar éis mhórphróiseas Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí agus cás cúirte ina dhiaidh sin, bronnadh an conradh ar an Eriugena Consortium agus thosaigh Sisk FCC ar an tógáil i 2018. Tá an dá fhoirgneamh críochnaithe anois agus ó lár na bliana 2021, tá úsáid iomlán á baint ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath astu, garsprioc mhór le haghaidh na hOllscoile nua agus Tionscadal Ghráinseach Ghormáin.

Is iad AHR Architects a rinne an Chearnóg Thoir a dhearadh, agus ó Nollaig 2020 i leith is ann atá Scoil na nEalaíon Cruthaitheach, na Meán, Conservatoire Ceoil agus Drámaíochta agus na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil halla taibhithe 400 suíochán, halla ceadail 80 suíochán agus amharclann bosca dubh 80 suíochán. Agus mic léinn ag filleadh ar an bhfoghlaim i bpearsa tar éis na paindéime, tá coinne go mbeidh an Chearnóg Thoir i lár an aonaigh i dtaca le gníomhaíocht chultúrtha le haghaidh na hOllscoil, an phobail áitiúil agus an phobail i gcoitinne.

Feilden Clegg Bradley Studios a rinne an Chearnóg Láir a dhearadh, agus rinneadh é sin a chur i gcrích i mí an Mhárta 2021. D'fhág Ollscoil Teicneolaíochta Baile Átha Cliath na seanionaid a bhí aici ar Shráid Chaoimhín agus Sráid Chathail Brugha agus chuathas go dtí an foirgneamh nua sna míonna ina dhiaidh sin agus is i Meán Fómhair 2021, i dtús na bliana acadúla nua a chuir na mic léinn an bheocht ar fad isteach san fhoirgneamh.

Is iad na Ranna de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath atá lonnaithe sa Chearnóg Láir ná Eolaíochtaí na Bitheolaíochta agus na Sláinte, Eolaíochtaí Ceimiceacha agus Cógaisíochta, Ríomheolaíocht, Eolaíocht Bia agus Sláinte Chomhshaoil, Eolaíochtaí Matamaitice, Fisic agus Eolaíochtaí Cliniciúla agus Optaiméadracha, Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia, Bainistíocht Fáilteachais agus Turasóireacht, agus Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach. Rinneadh an tIonad Náisiúnta Optaiméadrachta a athlonnú chuig an gCearnóg Láir freisin. Is ionad úrscothach é seo d'ardoiliúint na mac léinn san optaiméadracht agus is é an t-aon áis dá leithéid in Éirinn é.

I mí Lúnasa 2021, shuiteáil an t-ealaíontóir Alexandra Carr a saothar ealaíne suíomh-shonrach 'Solaris Nexum' i bhforhalla an fhoirgnimh nua.
Dealbh héiliciúil atá ann, é ceithre stór ar ard, agus frithchaitheann sé solas na gréine a bhíonn ag aistriú go leanúnach trí dhromchla dháthaobhach na scáthán crochta. Roghnaíodh an t-ealaíontóir tar éis comórtas oscailte idirnáisiúnta agus deis a bheith ag obair leis an bhfoireann deartha chun an saothar ealaíne a chruthú.

Le tabhairt i gcrích na Cearnóige Láir agus na Cearnóg Thoir, cuirtear clabhsúr le Clár II d'fhorbairt Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin.

Radharc Tráthnóna ar an Teach Íochtair a athchóiríodh le déanaí. Íomhá: Aisling McCoy

III
Oideachas

An Teach Íochtair

Thar dhá bhliain a rinne an foirgneamh is sine i nGráinseach Ghormáin a oiriúnú agus a aisghabháil, is é an Teacht Íochtarach arb é Francis Johnston a rinne é a dhearadh, agus tugadh i gcrích é i mí Feabhra 2021. Ba iad FKP Architects a bhí i gceannas ar an dearadh agus ba iad a rinneadh an tógáil Tógáil Purcell. Is é an foirgneamh stairiúil an t-aon chuid atá fágtha d'ospidéal síciatrach a bhíodh i bhfad níos mó, agus tá Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath anois ann, ag cur spás ar fáil do Chomhaltas na Mac Léinn, do spórt na mac léinn agus do chumainn na mac léinn in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Áirítear ann halla bia, stiúideonna aclaíochta, seomraí cleachtadh ceoil, spás oibre aontas na mac léinn, stiúideo damhsa agus seirbhísí tacaíochta ginearálta.

Bhí an Teach Íochtair á ligean i bhfaillí roimh an tionscadal seo, bhí sé gan chosaint ar an síon de dheasca go raibh an díon tite isteach, na hurláir imithe chun raice agus fásra fairsing ar fud na háite. Rinne an Ghníomhaireacht maoirseacht ar an gcéad thionscadal cobhsúcháin le haghaidh an fhoirgnimh in 2015, rud a chuir cosc ar an bhfoirgneamh dul in olcas sula ndéanfaí an tionscadal aisghabhála iomlán a chur chun cinn.

San fhoirgneamh oiriúnaithe, coinníodh roinnt de bhunghnéithe Johnston. Áirítear orthu sin na ballaí ollmhóra cloiche agus bríce; na simléir arda agus na potaí; staighrí eibhir; cruinneachán bríce coimpléascach agus armas Dhiúc Richmond greanta sa chloch, é suite os cionn dhoras an bhealaigh theas. Coinníodh agus caomhnaíodh fuinneoga iarainn teilgthe, chomh maith leis na doirse agus na fuinneoga adhmaid bunaidh istigh. Tá roinnt gnéithe ar fada ó scriosadh iad, cúpla veranda mar shampla ar an façade ó dheas, agus rinneadh iad sin a chur arís ann curtha agus léirmhíniú nua-aimseartha orthu. Na gnéithe nua eile a cuireadh isteach, dearadh iad go cúramach chun gan baint ón mbunstruchtúr agus chun a chinntiú ag an am céanna go raibh an foirgneamh feistithe go hiomlán chun go mbainfí úsáid úr as mar chuid d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Is é an Teach Íochtair an chéad fhoirgneamh de chuid Ghráinseach Ghormáin atá nasctha le líonra téimh ceantair an tsuímh.

In ómós don rath a bhí ar aisghabháil an fhoirgnimh, chuaigh Gráinseach Ghormáin i mbun coimeádaíochta ar shraith grianghraf agus líníochtaí stairiúla lena dtaispeáint ar fud an Tí Íochtair. Tá sé mar aidhm ag an mbailiúchán comhthéacs a chur ar fáil d'oidhreacht shuntasach an fhoirgnimh seo atá breis agus 200 bliain d'aois.

An Mol Acadúil agus an Leabharlann

Beidh an Mol Acadúil agus an Leabharlann mar chroílár acadúil an champais agus is foirgneamh suntasach i nGráinseach Ghormáin a bheidh ann ach a mbeidh sé críochnaithe. Is éard atá sa dearadh, faoi stiúir na n-ailtirí buacacha O'Donnell + Toumey, cnuasach foirgneamh atá eagraithe timpeall ar chúirt sheachtrach ina gcuimsítear an Teach Thuaidh atá cosanta. Forbrófar é in dhá chéim, le céim I comhdhéanta de 12,500 m².

D'eisigh an Ghníomhaireacht tairiscint tógála chuig cúig thairgeoir a cuireadh ar an ngearrliosta ag deireadh 2020. Rinneadh meastóireacht ar na cúig iarratas tairisceana seo i gcaitheamh na bliana 2021. Bhí coinne ar dtús go bhféadfaí an conradh a bhronnadh agus tús a chur leis an tógáil ar

an suíomh i bhFómhar 2021, ach cuireadh moill air sin chun tionchar an bhoilscithe tógála domhanda a chur san áireamh. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá an Mol Acadúil á thógáil fós.

Is sa Mhol Acadúil agus an Leabharlann a bheidh bailiúcháin leabharlainne Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath le haghaidh na mac léinn atá lonnaithe i

nGráinseach Ghormáin, chomh maith le réimse tacaíochtaí do mhic léinn agus do bhaill foirne, lena n-áirítear an tIonad Forbartha Gairmeacha, Rannpháirtíocht Shibhialta, Ionad Foghlama Matamaitice, an tSeirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Forbairt Daoine. Idir an dá linn, rinne Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath athfhorbairt ar Theach na Páirce mar leabharlann shealadach chun freastal ar an gcampas go dtí go gcríochnófar céim I den Mhol Acadúil in 2024.

Radharc ar an scoil nua atá á tógáil. Íomhá: Gníomhaireacht

III
Oideachas

Institiúid Taighde FOCAS

Tar éis comórtas oscailte idirnáisiúnta um dhearadh ailtireachta a seoladh go déanach in 2020, cheap an Ghníomhaireacht Carr Cotter Naessens chun an Fhoireann Deartha a stiúradh thar ceann na hInstitiúide Taighde nua FOCAS i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Leis an bhfoirgneamh nua seo déanfar an FOCAS atá ann faoi láthair a athlonnú go háis thart ar 4.500 m² i nGráinseach Ghormáin. Beidh sé in aice leis na mic léinn agus na taighdeoirí ó na heolaíochtaí, ón tsláinte agus ó na disciplíní innealtóireachta — agus leis sin an Mol Taighde agus Nuálaíochta atá ag teacht chun cinn ar an láthair, déanfar é a chomhdhlúthú tuilleadh. Tráth scríofa na tuarascála, tá tús curtha ag an bhFoireann Deartha le réamhdhearadh na hInstitiúide Taighde nua FOCAS.

Leis an achoimre ar an gcomórtas dearaidh, ionchorpraíodh spriocanna saolré i dtaca le feidhmíocht carbóin, ciorclaíocht agus dearadh ísealfhuinnimh. Príomhchuspóir straitéiseach de chuid na Gníomhaireachta is ea freagracht chomhshaoil a chur chun cinn tríd an soláthar forásach agus rinneadh an comórtas FOCAS a struchtúrú chun an rannpháirtíocht is leithne is féidir a spreagadh. Is cur chuige é sin ar chuir rannpháirtithe fáilte roimhe agus tá sé á lua mar shampla den bhealach le dul i ngleic le tionscadail a dhéantar a sholáthar go poiblí. Beidh sé ina bhonn eolais go fóill faoi chuspóirí na Gníomhaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide agus na cuspóirí sin a chomhtháthú tuilleadh i ndearadh agus i seachadadh tionscadal a bheidh ann amach anseo.

An Chearnóg Thiar

Tá an Chearnóg Thiar á maoiniú trí dhíol na réadmhaoine atá ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Shráid Aungier. In 2020, cuireadh an díol sin ar feitheamh agus tá coinne go gcuirfear tús leis arís in 2022. Is í an Chearnóg Thiar an tríú ceann d'fhoirgnimh cheathairuilleog Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath atá le forbairt ar an láthair. Thart ar 4000 mac léinn a bheidh ann, ó Choláiste Gnó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Sráid Aungier), agus ó Scoil na dTeangacha agus an Dlí. Beidh sé ina óstach freisin ar Halla Bronnta na hOllscoile ar féidir le thart ar 800 duine dul isteach ann. Is iad Heneghan Peng Architects atá i gceannas ar an bhFoireann Deartha don tionscadal seo.

Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7

I mí Eanáir 2021, cuireadh tús ar an láthair leis an tionscadal nua tábhachtach seo le haghaidh na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is ar Ganson Building and Civil Engineering a bronnadh an conradh tógála ag deireadh 2020 tar éis próiseas soláthair phoiblí. Is iad Grafton Architects éachtacha a stiúrann an fhoireann deartha don tionscadal.

Tá dhá fhoirgneamh ar leith sa scoil ina bhfuil 24 sheomra ranga. Sa chéad fhoirgneamh tá seomraí mór ilchuspóireacha agus sa dara ceann, tá an Bloc Teagaisc mar a bhfuil na háiseanna teagaisc agus na haonaid riachtanas speisialta. Tá roinnt spásanna súgartha leabaithe sa dearadh freisin, lena n-áirítear cúirt liathróide ar an díon agus halla dochtúirí ginearálta laistigh

Beidh bealach rochtana nua mar chuid den tslí isteach chun na scoile ó Ghráinseach Ghormáin Uachtarach. Tá gá le hoibreacha chuig acomhal Bhóthar Ráth an Dúin agus Ghráinseach Ghormáin Uachtarach chun é seo a éascú agus beidh siad i bhfeidhm sula n-osclófar an scoil. Tá pleananna á gcur chun cinn ag an nGníomhaireacht don leagan amach feabhsaithe seo agus don réimse poiblí nua seo agus tráth scríofa na tuarascála seo, tá an dearadh mionsonraithe faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl idir an Ghníomhaireacht, an conraitheoir agus cónaitheoirí áitiúla le linn 2021 agus leanfar leis sin ar feadh an chuid eile den fhoirgneamh.

Nuair a bheidh an scoil críochnaithe, beidh sí ina hionad buan do Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, agus tiocfaidh sí in ionad a n-áiseanna sealadacha ar an láthair amach ó Phlás Mhic Liam. Tá coinne go mairfidh an tógáil ar feadh 24 mhí agus tráth scríofa na tuarascála seo, tá an scoil ar sceideal faoi láthair maidir lena tabhairt i gcrích go luath i mí Feabhra 2023.

Oibrithe tógála ar an scoil nua le haghaidh Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 Íomhá: Conor Mulhern

IV
Pobail

Fóram Saothair agus Foghlama Ghráinseach Ghormáin (FSFGG)

Cairt Fostaíochta Ghráinseach Ghormáin
Le linn 2021, bhí na leibhéil fostaíochta áitiúla ar an láthair idir 3 % i mí Feabhra agus 21 % i mí Mheán Fómhair. Ba é Ganson Building and Civil Engineering an t-aon chonraitheoir ar an láthair a raibh deiseanna fostaíochta le fáil uaidh go háitiúil le linn an ama seo inar bhain tionscadail an Tí Íochtair, na Cearnóige Láir agus an Cearnóige Thoir amach Críochnú Substaintiúil. Níor tháinig aon deis fostaíochta as an gCeardlann Priontaíochta le linn na tógála i gcaitheamh na bliana 2021 de dheasca na leibhéal ard réamhdhéanta a bhaineann leis an tionscadal.

Leibhéil fostaíochta áitiúla nár bhainteach le tógáil, d'fhan siad ar 20 % go seasta i rith na bliana mar gheall gur chuir Sodexo, comhlacht bainistíochta áiseanna na Cearnóige Láir agus na Cearnóige Thoir, tús le hoibríochtaí tar éis na foirgnimh a aistriú.

Oideachas agus Oiliúint

Le linn 2021, lean an FSFGG de bheith réamhghníomhach agus ghlac siad páirt sa dioscúrsa agus sa chomhairliúchán poiblí maidir le
litearthacht do dhaoine fásta. Chuir siad iarratas faoi bhráid an phróisis comhairliúcháin le haghaidh na straitéise náisiúnta litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití do dhaoine fásta, iarratas dár fhoilsigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i mí Mheán Fómhair dar teideal 'Litearthacht do Dhaoine Fásta'. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2021, chuir an GLLF le hiarratas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Phlean Rochtana Náisiúnta nua a fhorbairt a mbeadh sé mar aidhm leis rannpháirtíocht agus cothromas rochtana ar ardoideachas a leathnú.

Lean an FSFGG freisin de thacaíocht a thabhairt do chlár Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath um Rochtain ar Phrintíseachtaí agus dá ionchur i gConair 3 Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, clár a thacaíonn le straitéisí comhpháirtíochta réigiúnacha agus pobail a fhorbairt chun rochtain ar ardoideachas a mhéadú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

Gnó agus Fiontraíocht

- Coinníonn an Ghníomhaireacht clár gnólachtaí i mBaile Átha Cliath 7 agus i mBaile Átha Cliath 1 mar chuid de thiomantas do thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí
- áitiúla. Déantar an chlárlann seo a nuashonrú go rialta agus úsáidtear í chun cabhrú le soláthraithe áitiúla oiriúnacha a aimsiú chun soláthairtí agus seirbhísí a chur fáil don Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Tá sí ar fáil freisin d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus do chonraitheoirí atá ag obair ar

  an láthair. Lean FSFGG den chlárlann a chur chun cinn go gníomhach i measc gnólachtaí áitiúla le linn 2021.
-
- I mí na Samhna 2020 bhí imeacht ar líne ag an GLF, 'Gnó agus Fiontraíochta' maidir le fiontraíocht shóisialta, agus

  lean FSFGG de bheith ag cur chun cinn agus ag tacú leis an bhfiontraíocht shóisialta ina dhiaidh sin. Le linn 2021, bhí siad i láthair roinnt imeachtaí náisiúnta agus Eorpacha, lena n-áirítear:
- • Seimineár gréasáin de chuid Social Economy Europe, 'Investing in social enterprise as tomorrow's economy';
- • Fiontair Shóisialta SEE agus Soláthar Poiblí;
- • LEO Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath — Imeacht Rannpháirtíochta um Fhiontraíocht Shóisialta a Thógáil; Gradaim Fiontraíochta Sóisialta LEO Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
- • Seoladh dlíthiúil le haghaidh fiontair shóisialta in Éirinn;
- • Idirghrúpa Pharlaimint na hEorpa um Gheilleagar Sóisialta — Geilleagar Sóisialta mar Éiceachóras Tionsclaíoch — catalaíoch chun comhdháil níos fearr a thógáil ar ais;
- • An Tríú Comhdháil Náisiúnta um Fhiontraíocht Shóisialta in Éirinn.

Páistí áitiúla ag baint úsáide as Gráinseach Ghormáin Íochtarach mar bhealach rothaíochta. Íomhá: Conor Mulhern

IV
Pobail

Fóram Saothair agus Foghlama Ghráinseach Ghormáin (FSFGG)

An Óige i gCeantar Ghráinseach Ghormáin (ABC)

Tionscnamh frithbhochtaineachta idirghabhála agus coisc is ea an clár ABC, agus díríonn sé ar an aoisghrúpa ón réamhbhreith go dtí sé bliana d'aois. Le linn 2021, lean FSFGG de ról lárnach a bheith aige i gclár Ghráinseach Ghormáin mar bhaill den Ghrúpa Stiúrtha agus ar roinnt fochoistí de chuid an chláir. Bhí gníomhaíochtaí na bliana dírithe ar rialachas, cumarsáid agus soláthar go príomha.

I mí Eanáir fuair ABC Ghráinseach Ghormáin deontas bliantúil €830,000 ó TUSLA (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), arb iad a dhéanann maoirseacht ar an gclár náisiúnta ABC. Leanadh de chláir agus de thionscnaimh a chur i bhfeidhm ar fud cheantar Ghráinseach Ghormáin agus rinneadh iad a choigeartú i gcomhréir le srianta COVID-19 chun freastal ar riachtanais reatha agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn sna pobail áitiúla sin.

An Fóram um Shochar don Phobal

Déanann an Comhordaitheoir Fostaíochta agus Oiliúna ionadaíocht ar an nGníomhaireacht ar an bhfóram seo ina bhfuil ionadaithe ó thionscadail phoiblí ghníomhacha a chomhtháthaíonn idir shochar don phobal agus chuimsiú sóisialta isteach ina bhforbairtí. In 2021, d'oibrigh an Fóram chun tógáil ar thorthaí thuarascáil taighde 2020 dar teideal 'Social Clauses in Public Procurement: An Irish Experience' a raibh sé d'aidhm aici

soláthar poiblí atá freagrach ar bhonn sóisialta a chur ar leibhéal na mbeartas náisiúnta Bhuail an Fóram leis an nGrúpa Comhairleach um Sholáthar Straitéiseach, fóram comhairleach ina n-áirítear an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), ranna rialtais agus cleachtóirí poiblí rialtais, chun saineolas agus taithí a roinnt maidir le clásail shóisialta a chur i bhfeidhm i dtionscadail phoiblí reatha.

An Coiste Idirchaidrimh Pobail

Bunaíodh an CLC den chéad uair in 2011 chun cabhair a thabhairt maidir le ráithe uirbeach nua a leabú i bpobail reatha cheantar Ghráinseach Ghormáin, agus chun a chinntiú go bhfuil guth ag an bpobal áitiúil
maille le fóram chun saincheisteanna a eascraíonn as an bhforbairt a phlé. Tagann an grúpa le chéile gach mí agus is iad seo a leanas na páirtithe leasmhara atá ann:

Eagraíochtaí eile a ghlacann páirt sna cruinnithe de réir mar is gá trí chuireadh a fháil ar bhonn mí ar mhí. Sa phlé grúpa le linn 2021 cumhdaíodh líon leathan ábhar ar féidir iad a chatagóiriú den chuid is mó faoi na ceannteidil seo a leanas: tógáil, bainistíocht eastát, réimse poiblí in aice láimhe agus rochtain ar áiseanna.

Foilsíonn an Ghníomhaireacht miontuairiscí na gcruinnithe sin ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

Cuireann an Gairdín Cultúrtha cosán glas ar fáil tríd an gcampas. Íomhá: Conor Mulhern

IV
Pobail

An Grúpa Comhairleach

Is grúpa reachtúil é an Grúpa Comhairleach agus bunaíodh é faoi Acht Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 mar fhóram cumarsáide le haghaidh
Thionscadal Ghráinseach Ghormáin. Is ó gach grúpa páirtithe leasmhara (ainmnítear iad san Acht) agus ar feadh téarma trí bliana a dhéantar a bhaill a ainmniú. Toghtar ionadaithe pobail de réir an phróisis toghcháin atá leagtha amach i Sceideal 22 den Acht. Tagann an grúpa le chéile gach ráithe agus tugtar dó an t-eolas is déanaí faoin bhforbairt.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, cuireadh tús le téarma nua an Ghrúpa Chomhairligh tar éis iarratas a dhéanamh ar ainmniúcháin ó pháirtithe leasmhara agus ar phróiseas toghcháin pobail a bhí ar siúl i mí Lúnasa. Is féidir liosta iomlán na mball reatha a fheiceáil ar láithreán gréasáin Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin anseo: https://ggda.ie/agency/consultative-group

Ba iad na príomhábhair a pléadh le linn 2021 an fíoras gur aistrigh 10,000 mac léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath go Gráinseach Ghormáin agus Comharsanacht an Chúraim Chónaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcomhthéacs SDZ.

Toghcháin Phobail

An 16 Lúnasa, reáchtáil an Ghníomhaireacht dhá thoghchán le haghaidh ionadaithe pobail nua — duine amháin i gcás Bhord Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, agus beirt i gcás an Ghrúpa Chomhairligh. An próiseas clárúcháin agus an glao ar ainmnithe a leagtar amach in Acht Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, cuireadh tús leo i mí an Mheithimh
roimh dheireadh lá an toghcháin. Ba é Luke McManus an t-ionadaí pobail nua a toghadh ar an mBord.
Tar éis comhionannas vótaí le haghaidh an dara post ar an nGrúpa Comhairleach, d'aontaigh an bheirt iarrthóirí an téarma a roinnt, iad le
1.5 bliain an duine den téarma 3 bliana a dhéanamh. Ba iad Eugene Kelly, Mark O'Neill agus Fiona Kelly na hionadaithe a toghadh ar an nGrúpa Comhairleach. Chuaigh Mark O'Neill i mbun an chéad chuid den téarma scoilte.

Imeachtaí Poiblí

D'ainneoin an laghdaithe ar shrianta COVID-19, is ar líne fós a reáchtáladh formhór na n-imeachtaí ar fud na tíre. Leagtar amach thíos sraith de na himeachtaí rathúla ar líne a d'óstáil an Ghníomhaireacht agus ar thacaigh an Ghníomhaireacht leo i rith na bliana.

Seimineár 'Change Minds'

Ar 15 Eanáir, chuir Stair Ghráinseach Ghormáin seimineár gréasáin i láthair maidir leis an tionscnamh claochlaitheach 'Change Minds', ar tionscadal do dhaoine ó Norfolk agus Norwich sa Ríocht Aontaithe a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu agus atá ar ioncam íseal, do chúramóirí, d'oibrithe deonacha nó do bhaill foirne. Tugann an tionscadal spreagadh do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí ar líne trí thaighde a dhéanamh ar scéalta cartlainne ó chásleabhair an Norfolk County Asylum. Is í Ruth Hegarty a d'óstáil an seimineár gréasáin, arb í Eagarthóir Bainistíochta Acadamh Ríoga na hÉireann agus ball de Ghrúpa Oibre Stair Ghráinseach Ghormáin, í i gcomhrá le Laura Drysdale, Restoration Trust and Project Manager Change Minds , Gary Tuson, Cartlannaí Contae Norfolk agus comhpháirtí Change Minds, agus Richard Johnson, Comhordaitheoir Taighde agus ball de Change Minds. Rinneadh iniúchadh sa phlé ar thionchar, ar oidhreacht agus ar acmhainneacht chlaochlaitheach an tionscadail do dhaoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu. Tá súil ag Stair Ghráinseach Ghormáin tionscadal comhchosúil a chur ar fáil i mBaile Átha Cliath trí úsáid a bhaint as taifid chartlannaithe The Richmond District Asylum.

Seachtain na nInnealtóirí

Mar chuid de Sheachtain na nInnealtóirí 2021, bhuail Comhordaitheoir Tionscadail Padraic Ballantyne le Naíonáin Shinsearacha Rang 5 Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 chun labhairt faoina scoil nua atá á tógáil faoi láthair agus chun blaiseadh den saol mar Innealtóir a thabhairt dóibh.

Lá Idirnáisiúnta Dealbhóireachta

Rinne an Ghníomhaireacht ceiliúradh ar an Lá Dealbhóireachta Idirnáisiúnta an 24 Aibreán trí chuireadh a thabhairt do dhaoine iniúchadh a dhéanamh ar dhá shuiteán ealaíne amuigh faoin aer i nGráinseach Ghormáin, 'The Axe (and the waving girl)' le Alice Maher agus 'Crocosmia ×' le Clodagh Emoe.

Seoladh 'Grangegorman Lives'

An 5 Bealtaine 2021, sheol Stair Ghráinseach Ghormáin sraith nua — 'Grangegorman Lives' — sraith faoi bheathaisnéisí breis agus 60 fear agus bean a raibh tionchar ag a saol ar Ghráinseach Ghormáin orthu nó ar imir Gráinseach Ghormáin tionchar orthu. Thosaigh an tsraith le beathaisnéisí bheirt charachtar aitheanta, an t-ailtire Francis Johnston, agus 'Billy in the Bowl' an mhíchliú. Is as Dictionary of Irish Biography a fhaightear na beathaisnéisí go léir agus is féidir teacht orthu go saoráideach trí shuíomh gréasáin Ghráinseach Ghormáin.

IVI Digital Construction Webinar

An 24 Meitheamh, rinne Bainisteoir Faisnéise na Gníomhaireachta Robert Moore cur i láthair ag IVI Digital Construction Webinar 2021, agus thug léargais phraiticiúla ar ISO 19650.

Public Art Now Conference

Reáchtáladh an chomhdháil idirnáisiúnta ar líne 'Public Art Now Conference' thar thrí lá go déanach i mí an Mheithimh, comhdháil ina ndearnadh iniúchadh ar thrí phríomhthéama a bhaineann le cleachtas ealaíne poiblí, beartas agus a chuid pobal. Ba í Scoil na hEalaíon Cruthaitheach Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a d'óstáil an chomhdháil agus is é Gráinne Coughlan a chomhordaigh í. Bhí sé chomhrá struchtúrtha ó shé phainéal éagsúla ar na téamaí agus bhí léacht ann ó Kerry Doyle faoi 'Connections and Complexity at the US-Mexico Border: Rafael Lozano Hemmer's Border Tuner'. Tá gach seimineár ar fáil go poiblí ar líne.

IV
Pobail

Féile Bhóthar na gCloch

Bhí an Ghníomhaireacht ar cheann de na urraitheoirí is mó ar an leagan fíorúil d'Fhéile Bhóthar na gCloch a bhí i mbliana ann, trí lá ón 18 go dtí an 20 Meitheamh. Ba í an cúigiú bliain ag an bhféile in 2021 agus i measc na mbuaicphointí bhí an 'The Batter Bake-Off', agus cóirithe fuinneoige na féile.

Mar chuid d'fhéile na bliana seo, reáchtáil Stair Ghráinseach Ghormáin taispeáint speisialta ar líne den chlár faisnéise 2017 'Meetings with Ivor' agus ina dhiaidh sin tháinig agallamh leis an Dr Browne a rinneadh a thaifeadadh go speisialta.

Gailearaí Ghráinseach Ghormáin

Bhí 'jeamáil ealaíne' sráide ar siúl ón 24 go dtí an 25 Lúnasa ar an bhalla clár shuíomh scoile nua Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7. Faoi choimeád Boom Box Dublin, chruthaigh breis agus 20 ealaíontóir sráide sraith múrphictiúr bríomhar daite dar téama 'dea-aimsir', rud a rinne athrú ó bhonn ar na ballaí clár ar feadh Ghráinseach Ghormáin Uachtarach. Balla an ghailearaí —nó 'the Grangegorman Gallery' mar a tugadh air — is cuid é de Straitéis na mBallaí Clár de chuid na Gníomhaireachta, áit a dtugtar cuireadh d'ealaíontóirí nó do ghrúpaí pobail tograí saothar ealaíne a chur isteach ar bhallaí clár shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Is iad an Ghníomhaireacht, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ganson a thacaigh le tionscadal Ghráinseach Ghormáin. Fanfaidh i bhfeidhm go dtí deireadh an tionscadail scoile.

Oíche Chultúir

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Chultúir an 17 Meán Fómhair, sheol Gráinseach Ghormáin 'Timepiece', podchraoladh ina ndearnadh iniúchadh ar stair an chloig túiréid uathúil atá i nGráinseach Ghormáin. Rinneadh an podchraoladh réamhthaifeadta a chur amach ar Anchor FM. Labhair Megan Brien, staraí agus podchraoltaí, le Julian Cosby, an duine a rinne athchóiriú ar an gclog sna 1980í, agus David Bowls, uaireolaí, faoi thábhacht an chloig agus faoin mbealach inar sábháladh é. Tá rochtain ag an bpobal ar an bpodchraoladh ar ardáin sruthaithe ceoil nó trí shuíomh gréasáin Ghráinseach Ghormáin.

Féile na Staire Baile Átha Cliath

Ar an 21 Deireadh Fómhair, thionóil Stair Ghráinseach Ghormáin plé ar líne ina ndearnadh iniúchadh ar na dúshláin a bhaineann le teanga stairiúil agus le téarmaíocht a bhaineann le meabhairghalar. Bhí Catriona Crowe, Staraí agus ball de Ghrúpa Oibre Saineolaithe Ghráinseach Ghormáin i gceannas ar an bplé, agus ar na daoine eile a ghlac páirt ann bhí Brendan Kelly, Ollamh le Síciatracht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Alan Phelan, ealaíontóir agus cartlannaí, agus Rick Rossiter, Abhcóide Meabhairshláinte agus Sainchomhairleoir Sláinte. Scrúdaigh siad an gá le dul i dteagmháil leis an teanga stairiúil sa chomhthéacs comhaimseartha i gcás cartlannaithe, staraithe agus daoine eile atá ag obair chun an stair thábhachtach seo a chaomhnú agus a roinnt. Rinneadh iniúchadh sa phlé freisin ar thionchar na teanga, go háirithe i dtaca le stiogma a cheistiú agus tacaíocht a thabhairt don chomhionannas inár sochaí.

Soilse na Nollag

In éineacht le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, tá an Ghníomhaireacht ar cheann d'urraitheoirí Shoilse Nollag i mBóthar na gCloch in 2021.

Ceardlann Priontóireachta roimh an tsuiteáil. Íomhá: Aisling McCoy

V

Ar Fud An Láithreáin

Bainistíocht Eastát Ghráinseach Ghormáin

Stráice talún mór casta is ea ceathrú uirbeach Ghráinseach Ghormáin, stráice ar a bhfreastalaítear ar éagsúlacht mhór úsáideoirí. Is í a dhéanann gach foirgneamh a bhainistiú agus a reáchtáil ná an eagraíocht atá istigh ann, ach an t-eastát féin, ar 50 % de limistéar foriomlán an tsuímh atá ann, tá sé oscailte do chách. Is é atá freagrach as eastát Ghráinseach Ghormáin a bhainistiú ná grúpa stiúrtha ar a bhfuil ionadaithe ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin — Grúpa Stiúrtha Bhainistíocht Eastát Ghráinseach Ghormáin (GEMSG). Déanann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath na seirbhísí campais a bhainistiú ó lá go lá faoi láthair, agus is í an Ghníomhaireacht a bhainistíonn gach seirbhís faoi thalamh.

Baineann na freagrachtaí atá ar GEMSG le prótacail agus le saincheisteanna oibríochtúla lena n-áirítear: rochtain ar áiseanna, cothabháil tailte, slándáil, uaireanta oscailte geataí, déileáil le hiompar frithshóisialta, sláinte agus sábháilteacht an champais, bonneagar suímh, mórimeachtaí ar fud an tsuímh a chomhordú, páirceáil carranna agus rothar a bhainistiú, bainistiú dramhaíola, rialú lotnaidí, agus comharthaíocht champais.

Ba bhliain thábhachtach í 2021 do GEMSG mar gur aistrigh 10,000 mac léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus 2,000 ball foirne go Gráinseach Ghormáin. Nuair a aistríodh seilbh na Cearnóige Thoir agus an Tí Íochtair, bhí an t-eastát in oirthear Ghráinseach Ghormáin inrochtana don phobal den chéad uair le blianta fada anuas. Nuair a osclaíodh Plás na Cloiche Leithne agus mar gheall ar bhearta scagtha tráchta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Ghráinseach Ghormáin Íochtarach, ba ghá comhordú breise le GEMSG freisin.

Ionad Fuinnimh Idirthréimhseach

Ba é an Teach Íochtair an chéad fhoirgneamh a nascadh le hIonad Fuinnimh Ghráinseach Ghormáin agus leis an líonra téimh ceantair. in 2020 Nascadh an Chearnóg Láir leis an gCearnóg Thoir in 2021. Le himeacht ama, cuirfidh an tIonad Fuinnimh fuinneamh in-athnuaite ar fáil do na foirgnimh sin agus beidh sé d'acmhainn aige oiriúnú do riachtanais fuinnimh atá ag athrú.

Taiscéalaíocht Gheoiteirmeach

Le linn 2021 agus faoi stiúir Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, rinne Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann imscrúdú tosaigh chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht Ghráinseach Ghormáin mar phríomhshuíomh féideartha don fhuinneamh geoiteirmeach. Foinse fuinnimh in-athnuaite is ea an fuinneamh geoiteirmeach agus tá ag éirí níos coitianta, níos ísle agus níos costéifeachtaí. Tionscadal den chineál seo i nGráinseach Ghormáin, bheadh sé ar an gcéad tionscadal geoiteirmeach uirbeach in Éirinn agus bheadh sé ina chabhair don Ghníomhaireacht a sprioc a bhaint amach maidir le bheith saor ó charbón faoi 2050. D'aimsigh an t-imscrúdú léamh teochta dearfach 38°c ar dhoimhneacht thart ar 1 km thíos faoin talamh. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá SGÉ ag lorg maoiniú Eorpach chun an tionscadal a chur chun cinn.

Ceardlann Priontaíocha

Bhí críochnú substaintiúil bainte amach ag Ceardlann Priontóireachta Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath faoi mhí Lúnasa 2021 agus in am don bhliain acadúil nua. Is struchtúr sealadach í an cheardlann agus beidh sí ann nó go bhféadfar áis bhuan a fhorbairt. Dearadh í le bheith go hiomlán in-athúsáidte agus is é an chéad fhoirgneamh i nGráinseach Ghormáin atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB). Tá sraith 40 painéal gréine ann a sholáthraíonn cuid mhór dá riachtanais chumhachta. Is iad Scullion Architects agus PLUS Architecture a dhear an tionscadal, agus ba iad Weslin Construction a thóg é.
Sampla eile is ea an Cheardlann Priontóireachta de straitéis soláthair fhorásach na Gníomhaireachta i ngníomh, agus léiriú is ea é ar an méid is féidir a bhaint amach laistigh de raon agus de chlár atá teoranta ag a bhfuil treoir dhearaidh a ndearnadh dea-mhachnamh ina leith. Ó cuireadh i gcrích í, cuireadh ar an ngearrliosta í le haghaidh roinnt gradam as a cur chuige nuálach maidir le dearadh.

Fáilte go láithreán gréasáin oifigiúil Plás na Cloiche Leithne. Íomhá: Conor Mulhern

V

Ar Fud An Láithreáin

Rochtain

Lean Bonneagar Iompair Éireann de Phlás na Cloiche Leithne a fhorbairt le linn 2021. Osclaíodh é don phobal an 27 Lúnasa agus is bealach isteach mór nua é anois isteach i gCeathrú Ghráinseach Ghormáin. Nasc is ea é idir príomhbhealach coisithe/rothaí an tsuímh — Bealach Bhreandáin — agus Stad Luas na Cloiche Leithne, agus déanann sé Gráinseach Ghormáin a fhí isteach i ngréasán na cathrach.

Na páirtithe leasmhara go léir, an pobal áitiúil go háirithe, chuir siad fáilte mhór roimh Phlás na Cloiche Leithne agus a bhealach idirnasctha tríd an suíomh, bealach is ea é a mbaintear a lán úsáide as agus arb aicearra é go lár na cathrach, ann agus as, agus inrochtana 24/7. Tá an Plás á bhainistiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Nuair a tháinig 10,000 mac léinn go Gráinseach Ghormáin agus nuair a cuireadh deireadh le srianta COVID-19, na geataí atá ag Plás Fhine Gall, Ionad Siopadóireachta na Páirce agus ag Serpentine Walk thiar, tosaíodh ar iad a fheidhmiú ó 7.r.n. go 9 i.n. gach lá.

Tá pleananna á gcur chun cinn ag an nGníomhaireacht freisin le haghaidh rochtain fheiceálach ar Shráid na Prúise — Geata Shráid na Prúise — rochtain atá riachtanach de réir na Scéime Pleanála. Cuireadh dearadh na tairsí isteach mar chuid d'iarratas tríú páirtí um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD) chuig an mBord Pleanála ag deireadh mhí na Nollag 2021. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá diúltaithe don an iarratas seo agus tá iarratas nua á ullmhú.

Seomraí Feistis na Spórt Machaire agus Cóiríocht Eastáit

Mar is amhlaidh leis an gCeardlann Priontaíochta, cuireann na háiseanna seo réiteach eatramhach ar fáil do pháirtithe leasmhara nó go bhféadfar áiseanna buana a fhorbairt. Is iad Scullion Architects agus PLUS Architecture

a bhí i gceannas ar an bhFoireann Deartha don tionscadal seo. Tá na háiseanna suite gar do Theach an Úlloird agus tá sé éasca teacht ar

na páirceanna imeartha. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá Seomraí Feistis na Spórt Machaire agus an Chóiríocht Eastáit araon curtha i gcrích agus in úsáid.

An Clogthúr

Tá an Clogthúr ar cheann de na foirgnimh is sine a mhaireann ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Tá oidhreacht shuntasach aici atá éagsúil le foirgnimh stairiúla eile i nGráinseach Ghormáin. In 2014 rinne an Ghníomhaireacht oibreacha athchóirithe ar chuid den fhoirgneamh lena

úsáid mar spás oifige in 2014 ach tá cuid mhaith den Chlogthúr fós neamháitithe, é tréigthe. Go déanach in 2021, rinne an Ghníomhaireacht FKP Architects a cheapadh chun an fhoireann deartha a stiúradh le haghaidh oibreacha riachtanacha cobhsúcháin ar an bhfoirgneamh. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá an tionscadal ag an gcéim "ar an láthair" agus tá oibreacha caomhantais ar siúl. Tá na hoibreacha seo le cur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022. Beidh gá le tionscadal amach anseo ag céim níos déanaí san fhorbairt chun an Clogthúr a aisghabháil go hiomlán de réir an Mháistirphlean.

Réimse poiblí

In 2021, chuir conraitheoirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcrích tógáil na dtrasrianta túcánach ar Ghráinseach Ghormáin Íochtarach agus taobh amuigh den stad Luas ar Ghráinseach Ghormáin Uachtarach. Cuireann na trasrianta sin ar chumas coisithe agus rothaithe araon trasnú chéile go sábháilte agus déanann siad comhlánú ar na bearta tréscaoilteachta scagtha atá suiteáilte ar Ghráinseach Ghormáin Íochtarach in 2020 mar chuid de chlár soghluaisteachta COVID-19 na Cathrach. Bhí tionchar an-dearfach ag an scéim seo ar Ghráinseach Ghormáin Íochtarach agus tháinig méadú suntasach ar líon na rothaithe — lena n-áirítear busanna rothar scoile —a úsáideann é mar phríomhbhealach rothar.

An radharc aníos — ‘Solaris Nexum’. Íomhá: Gníomhaireacht

VI
Ealaín Phoiblí

Grúpa Oibre Ealaíne Poiblí

Bunaíodh an Grúpa Oibre Ealaíne Poiblí in 2013 chun na moltaí a leagtar amach i Straitéis Ealaíon Ghráinseach Ghormáin a chur i bhfeidhm. Sa ghrúpa tá réimse saineolaithe ó shaol na healaíne, na hailtireachta agus na seirbhísí poiblí ach níor tháinig siad le chéile go foirmiúil in 2021. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Jenny Haughton mar Chomhordaitheoir Ealaíne Poiblí i mí Iúil 2021. Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht Comhordaitheoir nua a fháil le haghaidh an chéad chéim eile de chlár Ealaíne Poiblí Ghráinseach Ghormáin.
Is iad seo a leanas baill reatha an ghrúpa:

- Ciarán Benson, Cathaoirleach
- Jenny Haughton, Comhordaitheoir Ealaíne Poiblí
- Anita Groener, Ealaíontóir
- Kieran Corcoran, Scoil na nEalaíon Cruthaitheach Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Christina Kennedy, Coimeádaí Sinsearach in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA)
- Jacquie Moore, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)
- John Mitchell, Stiúrthóir, DMOD Architects
- Derek Dockrell, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Robert Ballagh, Ionadaí Pobail
- Terry Prendergast, Pleanálaí
- Ruairí Ó Cuív, Oifigeach Ealaíne Poiblí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Nora Rahill, Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Bhain roinnt príomh-gharspriocanna ann le '...the lives we live' i gcaitheamh na bliana 2021, lena n-áirítear an seoladh foilseacháin a rinneadh ar leabhar Ealaín Phoiblí Ghráinseach Ghormáin, comhdháil idirnáisiúnta Public Art Now, agus súiteán 'Solaris Nexum' le Alexandra Carr i gCearnóg Láir Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Leagtar amach thíos tuilleadh eolais fúthu sin agus faoi na sé chonair atá sa chlár:

Oibreacha Oidhreachta (Conair 1)

Beidh 'THE GOLDEN BANDSTAND — Sculpture' le Garrett Phelan suite idir an Mol Glas agus an Chearnóg Láir. Suiteáladh fráma struchtúrach na dealbhóireachta agus a díon i gcaitheamh 2021. Tá oibreacha tírdhreachaithe déanta freisin lena chinntiú go gcomhtháthaíonn an saothar ealaíne isteach ina thimpeallacht agus go bhfuil rochtain ag gach duine air. Tráth scríofa na tuarascála seo, tá coinne go gcríochnófar an saothar ealaíne
sa bhliain 2023. Roghnaigh an Chomhairle Ealaíon scannánú a dhéanamh ar ghnéithe den saothar seo le haghaidh publicart.ie.

Suiteáladh 'Solaris Nexum' le Alexandra Carr in aitriam na Cearnóige Láir thar tréimhse seachtaine go luath i mí Lúnasa 2021. Sa saothar ealaíne suíomh-shonrach tá cúig stór agus tá sé ag síorghluaiseacht, é faoi shíorathrú de réir mar a thagann athrú ar an lá agus ar an séasúir. D'fhonn an saothar ealaíne a chruthú, d'oibrigh an t-ealaíontóir go dlúth le FCB Studios, an fhoireann deartha atá i gceannas ar an gCearnóg Láir.

Chríochnaigh Walker & Walker a gcoincheap 'Endless Play' trí chomhoibriú le Heneghan Peng Architects. Tá an obair seo fós ar feitheamh nó go gcuirfear tús le tionscadal na Cearnóige Thiar. Tá coimisiún Fergus Martin ar Chomharsanacht an Chúraim Chónaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte fós sna céimeanna luatha nó go mbogfaidh an tionscadal seo isteach sa chéad chéim eile.

[1] Sliocht ó 'Dreams of a Summer Night', New Collected Poems (2011), De réir chineálchead an údair, Derek Mahon, agus The Gallery Press

'...the lives we live' leabhar Ealaín Phoiblí Ghráinseach Ghormáin. Íomhá: Dícheapadh

VI
Ealaín Phoiblí

'...the lives we live' leabhar Ealaín Phoiblí (Conair 3)

Seoladh an leabhar seo 200 leathanach lánmhaisithe ar líne an 24 Feabhra. Is bailiúchán é an leabhar d'eispéiris, de pheirspictíochtaí agus de scéalta a ndearnadh a thugtar chun cuimhne ar bhealach álainn orthu trí fhíseáin agus trí théacsanna a rinne na healaíontóirí, na comhoibrithe agus na páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chlár um Ealaín Phoiblí i nGráinseach Ghormáin le cúig bliana anuas. Tá an leabhar ar fáil i gcóip chrua agus tá sé ar fáil saor in aisce ar líne freisin. Ó foilsíodh é tá roinnt gradam buaite aige as a dhearadh agus as a chló, lena n-áirítear gradam ón Institiúid um Fhógraíocht Chruthaitheach agus Dearadh, agus dhá cheann ó Ghradaim Priontóireachta na hÉireann.

Tionscadail Phobalbhunaithe (Conair 2)

- Leanann roinnt de na 17 dtionscadal ar aghaidh ar bhealaí éagsúla, iad ag nascadh le himeachtaí poiblí ar nós Oíche Chultúir agus Teach Oscailte. Mar shampla:
- Tá One Hour Archive le Louis Haugh ar siúl ar líne agus áiríodh í mar chuid den chomhdháil Public Art Now i mí an Mheithimh.
- Tá Brian Cregan ag cur bailchríoch ar a fhoilseachán 'The Glass Garden' maidir lena chuid oibre le ABC Ghráinseach Ghormáin, Aosóg agus Step By Step.
- In 'What Does He Need?' le Brokentalkers in éineacht le Fiona Whelan leantar den tionscadal fadtéarmach seo ina ndéantar plé ar an mbealach ina n-imrítear tionchar ar fhir agus ar bhuachaillí sa domhan ina maireann siad. Bhí a gcuid oibre mar chuid den chomhdháil Public Art Now i mí an Mheithimh freisin.
- Tá Clodagh Emoe ag déanamh síorfhorbartha ar 'Crocosmia ×' i gcomhar le IMMA agus í ag tabhairt cuirí do chuairteoirí chuig crocosmia Ghráinseach Ghormáin. Bhí 'Crocosmia ×' le feiceáil mar chuid den Lá Idirnáisiúnta Dealbhóireachta i mí Aibreáin.

Comhdháil Public Art Now (Conair 5)

Is sraith de shé chomhrá choimeádaithe é Public Art Now, sraith ina ndearnadh iniúchadh ar chleachtas, polasaithe agus polaitíocht na healaíne poiblí, í ar siúl beo ar líne ón 24go dtí an 26 Meitheamh. Rinne Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath comhdháil mhór sa réimse a stiúradh agus is í an Dr Gráinne Coughlan a rinne comhordú uirthi mar chuid de '…the lives we live'. Forbraíodh an clár i gcomhar le Comhairle Ealaíon na hÉireann, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Físealaíona Éireann, Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus Create. Rinne idir thoscairí náisiúnta agus idirnáisiúnta freastal mór ar an imeacht agus bhí plé painéil ann ó réimse leathan cleachtóirí atá lonnaithe in Éirinn, SAM, Melbourne, agus an Iorua. Ar an gclár freisin bhí léacht speisialta ó Stiúrthóir Ionad Rubin in Texas, Kerry Doyle, chomh maith le saothar áitiúil What Does He Need? le Brokentalkers agus Fiona Whelan, agus One Hour Archive le Louis Haugh. San aiseolas léiríodh go ndearnadh naisc gheografacha, naisc nach raibh indéanta is dócha ach amháin gur cuireadh an chomhdháil ar líne. Tá gach seimineár gréasáin ar fáil go poiblí anois ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

Iasachtú agus Fáltais (Conair 6)

Cuireadh síneadh bliana eile leis an scéim iasachtaithe in Ionad Cúraim Phríomhúil na Feidhmeannachta Seirbhíse Sláinte agus tiocfaidh deireadh léi in 2022. Cuirfear na saothair ealaíne ar ais chuig na healaíontóirí nó i gcásanna áirithe, amhail i gcás Alan Counihan, d'fhéadfaí cuid den saothar ealaíne a bhronnadh ar an Ionad Cúraim Phríomhúil.

An taobh istigh de chlog túiréid Ghráinseach Ghormáin. Íomhá: Gníomhaireacht

VII

Stair Ghráinseach Ghormáin

Le linn 2021, lean Gráinseach Ghormáin lena gcuid oibre maidir le stair an tsuímh seo agus an cheantair máguaird a nochtadh, a chatalógú agus a chomóradh. D'ainneoin dúshláin thromchúiseacha roimh fhís bhunaidh an chláir de dheasca staid na sláinte poiblí a bhíonn ag athrú, d'fhorbair Grúpa Oibre Saineolaithe Ghráinseach Ghormáin banc acmhainní digiteacha idir stair agus ábhair phlé inrochtana le haghaidh shuíomh gréasáin Stair Ghráinseach Ghormáin chun leanúint leis an misean atá ag an tionscadal staire poiblí seo.

Is i dtrí chonair a chuirtear an clár i láthair sa Phlean Cur Chun Feidhme a foilsíodh sa Doiciméad Bunúsach: Daoine, Áiteanna agus Cleachtais. Le seachadadh an chláir le linn 2021, tugadh aghaidh ar gach ceann de na conairí sin mar a leagtar amach thíos.

Daoine

Sna himeachtaí agus na gníomhaíochtaí a cuireadh ar fáil sa chonair seo, díríodh ar dhaoine agus ar a dtaithí leis an suíomh.

Tionscadal Píolótach Stair Bhéil

Lorg an fochoiste píolótach um stair bhéil athbhreithniú ar ullmhúcháin an tionscadail i bhfianaise an dea-chleachtais atá ag teacht chun cinn in obair thionscadail sa stair bhéil. I mí Lúnasa, d'ullmhaigh an fochoiste iarratas mionsonraithe ar athbhreithniú eiticiúil ar ullmhúcháin an tionscadail agus chuir siad é faoi bhráid Choiste Taighde Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath um Eitic agus Sláine.

Change Minds: cartlanna, ealaín agus meabhairshláinte

Mar chuid den fhéile First Fortnight Festival i mí Eanáir, bhí Ruth Hegarty ina cathaoirleach ar sheimineár ar líne le ceannairí tionscadail agus rannpháirtithe. Rinneadh iniúchadh sa phlé ar thionchar, ar oidhreacht agus ar acmhainneacht chlaochlaitheach an tionscadail do dhaoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu. Is mian le Stair Ghráinseach Ghormáin tionscadal comhchosúil a chur ar fáil i mBaile Átha Cliath.

Rannpháirtíocht na Scoileanna

I mí an Mheithimh, gach ceann de na naoi scoil i gceantar Ghráinseach Ghormáin, fuair sé litir chuiridh ón nGrúpa Oibre chun páirt a ghlacadh i dtionscadal staire. Ghlac dhá scoil leis an gcuireadh agus leis an bplé ar na téamaí, ar an ábhar agus ar an gcur chuige.

An bailiúchán déantán ón suíomh a chaomhnú

I mí na Nollag 2021, thug baill de chuid an Ghrúpa Oibre cuairt ar bhailiúchán déantán ón suíomh chun a fháil amach cén riocht ina raibh siad agus chun suirbhé a dhéanamh ar an tasc a bhaineann leis na píosaí eile a chaomhnú. Bhí plean oibre cuimsitheach chun a chinntiú go ndéanfaí na píosaí sin a chaomhnú beartaithe le haghaidh na bliana 2022, dá ligfeadh an treoir maidir leis an tsláinte phoiblí go bhféadfaí sin a dhéanamh.

Athbhreithnithe stairiúla a choimisiúnú
I mí Aibreáin sheol Stair Ghráinseach Ghormáin sraith beathaisnéisí stairiúla de dhaoine a raibh tionchar ag a saol ar Ghráinseach Ghormáin orthu nó ar imir Gráinseach Ghormáin tionchar orthu. Is as Foclóir Beathaisnéisí na hÉireann a fhaightear na beathaisnéisí go léir: Foclóir beathaisnéise náisiúnta na hÉireann, tionscadal de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann.

Comhoibriú le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

D'aontaigh Stair Ghráinseach Ghormáin tacú le tionscadal de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 'Stages of Memory' ina ndéanfar bunphíosa téatair a choimisiúnú, bunphíosa ina scrúdófar taithí an tsaoil sna hinstitiúidí meabhairshláinte a shamhlaítear le Gráinseach Ghormáin. Beidh an píosa á léiriú ag mic léinn amharclannaíochta na bliana deiridh i mí na Nollag 2022 agus beidh sraith cainteanna ar líne ann maidir le trí ghné éagsúla de stair Ghráinseach Ghormáin.

Clár amharclainne stairiúil ar taispeáint sa Teach Íochtair. Íomhá: Aisling McCoy

VII

Stair Ghráinseach Ghormáin

Áiteanna

Is suíomh é Gráinseach Ghormáin lena mbaineann tábhacht shaibhir ailtireachta agus spásúil agus bíonn tionchar suntasach aige ar a lucht cónaithe agus ar an gceantar máguaird araon.

Tacaíocht a thabhairt do thaighde acadúil chun ailtireacht an tsuímh a ghabháil

Le linn 2021 d'oibrigh an Grúpa Oibre ar thogra taighde PhD a chur le chéile chun an uaillmhian sin a léiriú agus rinneadh miontaighde ar na struchtúir mhaoinithe agus ar na bealaí atá ar fáil chun tacú leis an obair sin.

Féile fhíorúil Bhóthar na gCloch

I mí an Mheithimh, rinne Stair Ghráinseach Ghormáin léiriú speisialta ar líne ar 'Meetings with Ivor' — clár faisnéise le Alan Gilsenan ón mbliain 2017, Tomás Hardiman a léirigh — faoi shaol agus faoi shaothar an síciatraí, an Dr Ivor Browne, Ceann na bPríomhdhochtúirí ag Ospidéal Bhreandáin ar feadh tríocha bliain ó 1966. Ina dhiaidh sin, rinne Alan Gilsenan agallamh le Ivor a taifeadadh le haghaidh Stair Ghráinseach Ghormáin, agallamh inar cuireadh síos ar a chuimhní cinn ar an saol i Naomh Breandán le linn a thréimhse 30 bliain san ospidéal.

Féile na Staire Baile Átha Cliath

'Stair Ghráinseach Ghormáin teanga stairiúil agus téarmaíocht agus stair an mheabhairghalair,' plé réamhthaifeadta ar líne ina ndéantar scrúdú ar an gcaoi gurb é a bhíonn ar siúl ag na cartlannaithe, na staraithe agus na daoine eile a oibríonn chun an stair thábhachtach seo a chaomhnú agus a roinnt ná teanga agus téarmaíocht an chomhthéacs chomhthéacs comhaimseartha a ionramháil. Bhí Catriona Crowe ina cathaoirleach ar an bplé leis na painéalaithe, an tOllamh Brendan Kelly, Síciatraí; Alan Phelan, Ealaíontóir agus Cartlannaí agus Rick Rossiter, Abhcóide Meabhairshláinte.

Oíche Chultúir

'Timepiece', podchraoladh ina ndéantar iniúchadh ar stair an chlog túiréid i nGráinseach Ghormáin, rinneadh é sin a sheoladh le haghaidh Oíche Chultúir 2021. Suiteáladh clog túiréid James Waugh i 1818 agus is é an clog plánach is sine ar domhan é. Bhí na huaireolaithe mór le rá David Boles agus Julian Cosby in éineacht le staraí an deartha agus na hailtireachta intí, Megan Brien, chun stair an chloig seo a iniúchadh. Beidh an podchraoladh seo ar an gcéad cheann i sraith a roinneann stair an aon struchtúr déag atá faoi chosaint ar an suíomh, ag cur cosán staire ar fáil timpeall ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin.

Cleachtais

Go stairiúil, shamhlaítí Gráinseach Ghormáin le gaibhniú institiúideach. Tá sé ríthábhachtach do mhisean agus d'oidhreacht stair Ghráinseach Ghormáin scrúdú a dhéanamh ar na cleachtais institiúideacha seo, ar a mbunús, ar a n-éabhlóid agus ar a dtionchar.

Forbairt na bPrótacal Náisiúnta maidir le Rochtain Taighde ar Thaifid Meabhairshláinte Stairiúla agus a bhFoilsiú

Rinneadh dul chun cinn sa rannpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2021 nuair a tugadh cuireadh do bhaill den Ghrúpa Oibre dréachtú a dhéanamh ar na prótacail náisiúnta agus an clár seachadta chun a chinntiú go raibh na prótacail sin inghníomhaithe i gcás gach áis cartlainne i dtaca leis an meabhairshláinte stairiúil in Éirinn. Mar chuid den chlár oibre bhí suirbhé ar shuíomh agus ar bhail na gcartlann seo.

Taispeántas Íomhánna Stairiúla an Tí Íochtair

Nuair a chéadosclaíodh an foirgneamh in earrach 2021, bhí rogha íomhánna ar taispeáint ar fud an fhoirgnimh inar tugadh léiriú ar thaithí stairiúil Ghráinseach Ghormáin.

Radharc aghaidh ó thuaidh an champas san oíche Íomhá: Ste Murray

IX

Ag Féachaint ar Aghaidh

Bliain gharsprice a bhí sa bhliain 2021 le haghaidh an tionscadail, bliain inar tháinig 10,000 mac léinn agus breis agus 1,200 ball foirne go Gráinseach Ghormáin, rud a thug beocht nua don suíomh agus don cheantar. Mar gheall gur ar líne a bheidh formhór na n-imeachtaí le linn na bliana, bheartaigh an Ghníomhaireacht gur sa bhliain 2022 a dhéanfaí na garspriocanna is déanaí a bhí ag an tionscadal a cheiliúradh leis na páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe tionscadail i mórimeacht sa bhliain 2022.

I bhfómhar na bliana 2021, chuir an Ghníomhaireacht tús le triail chúramach chun filleadh ar an oifig agus bearta sláinte agus sábháilteachta COVID-19 i bhfeidhm. D'fhógair an Rialtas beartas oibre hibrideach amach anseo agus leanfaidh an Ghníomhaireacht d'fhorbairt a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun freastal ar riachtanais na Gníomhaireachta agus an tionscadail i gcaitheamh 2022.

Beidh roinnt tionscadal ag dul chun cinn an bhliain seo chugainn. Céim shuntasach chun tosaigh i bhforbairt an tsuímh ab ea dhá thionscadal eile ar an láthair go luath in 2022 — oibreacha cobhsúcháin ar Fhoirgneamh an Chlogthúir agus tús leis an tógáil ar an Mol Acadúil agus an Leabharlann. In éineacht le tionscadal Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 ar an láthair faoi láthair, éileoidh na tionscadail seo go mbeidh
leibhéal ard comhordaithe idir an Ghníomhaireacht, foirne deartha agus conraitheoirí chun a chinntiú gur tionchar íoslaghdaithe a imreofar ar an gcampas agus ar an gceantar máguaird.

Comharsanacht an Chúraim Chónaithe de chuid Fheidhmeannacht an Seirbhíse Sláinte — arb é an chéad tionscadal tithíochta ar an láthair a bheidh ann — rachaidh sé ar aghaidh go dtí céim na pleanála in 2022. Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht freisin an Institiúid Taighde FOCAS agus Céim 1 Spóirt Faoi Dhíon Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn. Pleananna chun athnuachan a dhéanamh ar an bhfeachtas ar son réadmhaoin atá ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Sráid Aungier a dhíol, cuirfear ar aghaidh iad in 2022. Nuair a dhíolfar an réadmhaoin seo féadfar dul chun cinn a dhéanamh ar an gCearnóg Thiar. Tráth scríofa na tuarascála seo, táthar de réir sceidil maidir le tógáil Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 a chur i gcrích i mí Feabhra 2023. I gcomhar leis an togra seo, tá an Ghníomhaireacht ag plé le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun acomhal Bhóthar Ráth an Dúin agus Gráinseach Ghormáin Uachtarach a fhorbairt mar phlás poiblí nua. Tá sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha ar an spás seo i bhfómhar 2022.

Beifear ag díriú go mór ar an inbhuanaitheacht go fóill le linn 2022 agus tús á chur ag an nGníomhaireacht le Plean Cur Chun Feidhme trí bliana ar an Straitéis nua. Leanfaidh an Ghníomhaireacht freisin de bheith ag oibriú i dtreo Geata Shráid na Prúise a chur chun cinn chomh maith le bheith ag obair i bpáirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Athbhreithniú Airde SDZ a chur i gcrích mar a cheanglaítear faoi na treoirlínte reachtúla le haghaidh Údaráis Phleanála maidir le 'Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgníochta'.

De réir mar a thiocfaidh deireadh leis an gcéim seo den chlár um ealaín phoiblí, tá súil ag an nGníomhaireacht machnamh a dhéanamh ar an gclár agus machnamh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile sula rachfar chun tairisceana le haghaidh Comhordaitheoir Ealaíne Poiblí nua.

Beidh Stair Ghráinseach Ghormáin ag tógáil ar an méid a baineadh amach ó seoladh a gclár in 2020 trí thuilleadh imeachtaí, taighde agus rannpháirtíocht áitiúil a chur ar bun le linn 2022. Leanfaidh Fóram Saothair agus Foghlama Ghráinseach Ghormáin ar aghaidh lena chuid oibre ar son pobail áitiúla, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta, chun a chinntiú go mbainfidh siad sin tairbhe as tionscadal athnuachana forbartha Ghráinseach Ghormáin.

Ní mór an méid thuasluaite ar fad a bhaint amach i gcomhthéacs na timpeallachta oibre iar-phaindéime. Beidh sé ríthábhachtach cothromaíocht a choinneáil idir cianobair agus cultúr láidir comhoibríoch. Tionscadail a mhaoiniú; aghaidh a thabhairt ar easnaimh; agus feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí maoinithe i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara, beidh siad sin ina bpríomhbhreithnithe maidir le rath leanúnach na Gníomhaireachta.

Allée crannmhar, tearmann ar a mbíonn tóir ag na páirtithe leasmhara go léir. Íomhá: Marie Louise Halpenny

ROINN II
Inbhuanaitheacht

I dTionscadal Ghráinseach Ghormáin féin, tá tréithe atá inbhuanaithe ar fad lena n-áirítear:

- Suíomh athfhorbraíochta lárchathrach a athúsáid
- Foirgnimh nua ina bhfuil caighdeáin fuinnimh atá feabhsaithe go mór
- Struchtúir faoi chosaint a athúsáid agus a athchóiriú ar bhealach oiriúnaitheach agus foirgnimh níos nuaí a athchóiriú
- Líonra téimh ceantair a leagan amach a bhfuil sé d'acmhainn aige oiriúnú do riachtanais fuinnimh atá ag athrú
- Scéim chomhtháite um Dhraenáil Uirbeach Inbhuanaithe (SUDanna) ar fud an tsuímh chun mórthuilte a mhaolú agus ar mhaithe le bonneagar feabhsaithe uisce agus fuíolluisce sa cheantar
- Suíomh i lár na cathrach lena dtugtar tacaíocht d'acmhainn mhéadaithe an iarnróid éadroim agus throim, lena n-áirítear síneadh a chur leis an Luas, Metro agus DART+ a fhreastalaíonn ar Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus ar cheantar Bhaile Átha Cliath
- Rochtain mhaith ar líonraí bus agus rothaíochta agus tionscnaimh leanúnacha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun feabhas a chur ar bhealaí rothaíochta deighilte go sábháilte ar fud na cathrach
- Tá an campas deartha chun tacú le siúl agus rothaíocht le háiseanna speisialta athraithe agus stórála rothar agus le roinnt stáisiún Dublin Bikes sa gharchomharsanacht
- Leis na bearta a cuireadh i gcrích faoin gClár Idirghabhála Eatramhach Soghluaisteachta COVID-19, cuireadh feabhsuithe sábháilteachta agus comhshaoil ar fáil freisin do cheantar Ghráinseach Ghormáin
- Bearta gníomhacha chun bithéagsúlacht a fheabhsú, lena n-áirítear limistéir a ainmniú le haghaidh féar móinéir, an sprioc maidir le breis agus 1,000 crann a phlandáil thar shaolré an tionscadail, agus neadbhoscaí a shuiteáil.

Glacadh Straitéis Inbhuanaitheachta Ghráinseach Ghormáin den chéad uair in 2012 agus aithníodh 10 dtéama inbhuanaitheachta ina leagtar amach roinnt aidhmeanna agus prionsabal de chuid na Gníomhaireachta agus í ag forbairt an tsuímh. Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige sin in 2021 agus aird á tabhairt ar threoir nuashonraithe ón Aontas Eorpach agus ón rialtas lenar deimhníodh go raibh na straitéis agus na prionsabail fós bailí, go bunúsach, ach gur cheart iarracht bhreise agus acmhainní breise a chur i bhfeidhm chun an cur chun feidhme a fheabhsú agus chun an tionchar a mhéadú.

Rialachas maidir leis an Inbhuanaitheacht

Feidhmíonn Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin faoi Acht Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 agus faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Chomh maith leis sin tá roinnt Comhaontuithe Rialachais aige lena lán páirtithe leasmhara. Cé go bhfuil Bord na Gníomhaireachta freagrach as cuspóirí straitéiseacha a cheadú agus a chur i gcrích, tá an Coiste Straitéise agus Pleanála freagrach as maoirseacht mhionsonraithe a dhéanamh ar an Straitéis Inbhuanaitheachta agus as í a chur i bhfeidhm. D'fhormheas Bord Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin Straitéis Inbhuanaitheachta i mí na Samhna 2021. Rinneadh cúram na hInbhuanaitheacht a tharmligean tuilleadh, é a tharmligean chuig an Stiúrthóir Foirgníochta agus Bonneagair tríd an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin.

Comhpháirtithe Inbhuanaitheachta

- Comhoibríonn an Ghníomhaireacht le raon leathan páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe tionscadail chun an inbhuanaitheacht a spreagadh i nGráinseach Ghormáin. I measc na bpríomh-chomhpháirtithe tá:
- Foireann Eastáit agus Inbhuanaitheachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Codema
- An Institiúid um an gComhshaol, um Inbhuanaitheacht agus um Shláinte (ESHI)
- Pleanáil agus Eastáit Champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Grúpa na hEarnála Foirgníochta agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún
- Grúpaí Áitiúla Pobail agus Deonacha

Tá rochtain ag coisithe agus rothaithe ar Phlás na Cloiche 24/7. Íomhá: Conor Mulhern

Inbhuanaitheacht
Cur chuige straitéiseach

Creataí agus Freagraí Nua

Na Sé Cholún

- Sainaithníodh sé cholún mar na príomhbhealaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht a cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh i ndáil leis an inbhuanaitheacht. Baineadh úsáid as Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i ndáil le tionscadail tógála mar phríomhfhoinse.
- Is iad seo a leanas na sé cholún straitéiseacha:
- Foirgnimh
- Bonneagar
- Fuinneamh
- Bithéagsúlacht
- Sóisialta
- Nuálaíocht

Déantar cuid de na príomhéachtaí inbhuanaitheachta le haghaidh na bliana 2021 a phlé go mion faoi cheannteidil na gcolún uile trasna.

Bainistíocht Riosca

Tá córas Bainistíochta Riosca glactha ag an nGníomhaireacht ina sainaithnítear príomhrioscaí agus ina dtuairiscítear orthu. Gach bliain leagann an Bord amach cuspóirí le haghaidh na bliana atá romhainn agus déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn. Le bainistíocht riosca áirítear tuairisciú a dhéanamh ar chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i ndáil leis an inbhuanaitheacht.

Tá an Cheardlann Priontála suite ar Bhealach Bhreandáin. Íomhá: Aisling McCoy

Colún I
Foirgnimh

Faoin Máistirphlean straitéiseach déanfar 380,000 m² d'fhoirgnimh nua agus athchóirithe a sheachadadh ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Cuireann sé seo deis shuntasach ar fáil chun laghdú
a dhéanamh ar charbóin corpraithe agus ar charbóin oibríochtúil araon trí nuálaíocht deartha agus tógála. Liostaítear thíos na príomhéachtaí inbhuanaitheachta le haghaidh an cholúin seo in 2021.

An Teach Íochtair

- Bhí an chuid is mó de curtha i gcrích faoi mhí Feabhra 2021, rud a thug 4,400 m² den fhoirgneamh stairiúil seo in úsáid arís ar bhealach nua-aimseartha. Osclaíodh é ar dtús sa bhliain 1814 mar an Richmond Asylum, agus san fhoirgneamh seo atá 200 bliain d'aois tá beocht anois le gníomhaíocht na mac léinn agus hollscoile.
- Bhí an Teach Íochtair á ligean i bhfaillí roimh an tionscadal seo, bhí sé gan chosaint ar an síon de dheasca go raibh an díon tite isteach, na hurláir imithe chun raice agus fásra fairsing ar fud na háite.
- I measc na mbreithnithe faoin inbhuanaitheacht bhí:
- Ba é an ríomh deisce a rinneadh ar an ualach 318Kw sa bhliain bunaithe ar 60w/m² in ainneoin díolúine fuinnimh a bheith aige de thoradh gur Struchtúr Cosanta é.
- Córas téimh a cuireadh ar fáil trí chóras téimh ceantair an champais agus trí théamh éighníomhach na mballaí inmheánacha agus spásanna ó ghloiniú balla cuirtín.
- Moirtéal agus rindreáil nádúrtha aoil a úsáid, rud a ionsúnn dé-ocsaíd charbóin ón atmaisféar thar shaolré an fhoirgnimh.
- Roinnt de na seanbhíomaí cruach atá ann cheana a athúsáid chun tacú leis na hurláir adhmaid nua ar an gcéad urlár agus ar an dara hurlár.
- Aeráil tras-sreafa nádúrtha ísealteicneolaíochta a ghlacadh sna raonta — seachas córais láimhseála aeir (ducht agus gaothráin) a shuiteáil.
- Úsáid an tsolais nádúrtha a uasmhéadú trí fhuinneoga móra.
- Cuid den scláta i gcéim 1 den chaomhnú a athchúrsáil

Ceardlann Déanamh Priontaí

An 16 Lúnasa 2021 baineadh amach Críochnú Substaintiúil ar an struchtúr sealadach nua-aimseartha 318 m² cruach agus alúmanaim. Tá coinne gur idir 10 agus 15 bliana saolré na ceardlainne nó go bhféadfar áis bhuan a fhorbairt.
I measc na mbreithnithe faoin inbhuanaitheacht tá an méid seo a leanas:

- Is é seo an chéad fhoirgneamh i nGráinseach Ghormáin atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB) agus ag a bhfuil deimhniú BER A2.
- Suiteáladh 40 painéal gréine (PV) a sholáthraíonn cion (íosmhéid 20 %) de na riachtanais leictreachais. Dearadh iad le bheith go hiomlán in-athúsáidte — is féidir an foirgneamh a dhíchóimeáil agus tá sé in-díshuite.

Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7

Is i mí Eanáir 2021 cuireadh tús leis an tógáil ar an scoil náisiúnta 24 sheomra ranga seo, arb achar 5.100 m² atá inti. Is é Feabhra 2023 an dáta críochnaithe a mheastar a bheidh ann.
I measc na mbreithnithe faoin inbhuanaitheacht tá an méid seo a leanas:

- Dearadh é chun rátáil fuinnimh NZEB a bhaint amach le teastas BER A2
- Ríomhadh an ráta tomhaltais fuinnimh phríomhúil ag
- 35.1 kWh/M2 sa bhliain
- Úsáideadh coincréit réamhtheilgthe sa tógáil. Is é an buntáiste a bhaineann le modheolaíocht na tógála lasmuigh den láthair go sábháiltear am agus an clár a sheachadadh, go mbíonn torthaí níos fearr ann maidir le sláinte agus sábháilteacht agus go laghdaítear an dramhaíl adhmaid agus comhlra a laghdú. Fágann sé freisin go ndéantar laghdú ar astaíochtaí carbóin mar gur lú na ceanglais a bhíonn maidir le soláthairtí a iompar chuig an suíomh.
- Tá an teas le soláthar trí chóras téimh ceantair an tsuímh.
- Leis an dearadh áirítear painéil gréine (PV) a shuiteáil agus uisce báistí a athúsáid.
- Tá caidéal draenála uisce dromchla (SUDS) le suiteáil.
- Déanfar suas le 24 neadbhosca do ghabhláin gaoithe a shuiteáil. Leis an gcampas 73 acra tá deis ag an nGníomhaireacht réitigh infreastruchtúir dea-chleachtais a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an champais agus na bhfoirgneamh i dtaca le cumhacht, fuinneamh, bainistíocht uisce, naisc iompair agus dáileadh sonraí.

Leagtar amach thíos na príomhéachtaí inbhuanaitheachta le haghaidh an cholúin seo in 2021.

Páirceáil rothar lasmuigh den Chearnóg Láir. Íomhá: Gníomhaireacht

Colún II
Bonneagar

Tollpholl Geoiteirmeach Taiscéalaíoch

Rinne Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath suirbhé tosaigh in éineacht le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht fuinnimh gheoiteirmigh Ghráinseach Ghormáin. Idir Iúil agus Nollaig 2021, tugadh faoi thollpholl taiscéalaíoch a dhruileáil ar champas Ghráinseach Ghormáin. Rinneadh druileáil chomh fada le ciliméadar amháin síos faoin talamh, agus dá bhrí sin is é an tollpholl uirbeach is doimhne riamh a rinneadh in Éirinn go dtí seo. B'airde na torthaí a fuarthas ná mar a bhí coinne, agus tá sé seo go maith ó thaobh an fuinneamh atá go domhain faoin talamh a chur i bhfeidhm go praiticiúil le haghaidh córas téimh ceantair an champais.

Córas Draenála Uirbeach Inbhuanaithe

Is cuid de Mháistirphlean SIPR é an córas Draenála Uirbeach Inbhuanaithe (SUDanna) comhtháite atáthar a fhorbairt ar fud an tsuímh agus á chur i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar thuilte agus chun feabhas a chur ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce sa cheantar. Nuair
a bhíonn báisteach throm ann, déantar sreafaí uisce ó fhoirgnimh a choinneáil in umar faoi thalamh sula scaoiltear go mall isteach i gcóras draenála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é. Laghdaíonn sé seo freisin an brú acmhainne a bhíonn ar phíboibreacha agus ar bhonneagar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, an Mol Acadúil agus an Chearnóg Thiar
ar na foirgnimh nua a ndéanfar an córas seo a chomhtháthú isteach ina ndearadh tá Scoil Náisiúnta an Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, an Mol Acadúil agus an Cearnóg Thiar. In 2021, bhí sé ag obair go gníomhach sa Chearnóg Láir agus sa Chearnóg Thoir agus críochnú suntasach á bhaint amach.

Páirceáil Rothar

Tá an campas deartha chun tacú leis an rothaíocht agus le áiseanna athraithe agus stórála rothar. I dTuarascáil Mheasúnaithe Iompair SDZ 2011 deirtear go gcuirfear spás páirceála rothar forleathan ar fáil. Faoi dheireadh 2021, bhí 1,033 spás páirceála rothar tiomnaithe ar an gcampas. Chomh maith leis sin, tá 3 stáisiún lonnaithe ag Dublin Bikes i nGráinseach Ghormáin , agus tá 104 rothar ar fáil ar cíos.

Uisce Báistí a athúsáid

Tá polasaí ag Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin athúsáid an uisce báistí a chur san áireamh le linn an deartha ar mhaithe le húsáid neamh-inólta a bhaint as. Tá sé seo os cionn na gceanglas reachtúil pleanála atá ann faoi láthair agus léiríonn sé tiomantas na Gníomhaireachta maidir le bheith chun tosaigh ó thaobh na tógála inbhuanaithe de. In 2021, áiríodh é sin i ndearadh na bhfoirgneamh seo a leanas — an Mol Acadúil agus an Chearnóg Thiar.

An Réimse Poiblí Sínte

Le linn 2021, nuair a osclaíodh an dá Chearnóg agus an Teach Íochtair, cuireadh 4.4 heicteár breise leis an réimse poiblí, rud a thug go 16.5 heicteár é. Níl an méid sin ar fad sa chumraíocht tírdhreachaithe deiridh. Cuirfear cuid den réimse poiblí reatha siar chun forbairt an tsuímh amach anseo de réir an Mháistirphlean a chumasú. De réir mar a chuirtear i gcrích na suímh atá á dtógáil, beidh réimse poiblí nua atá ar ardchaighdeán á gcur ar fáil. De réir an Mháistirphlean beidh 16.5 heicteár réimse poiblí ann nuair a chríochnófar.

Crainn piorraí óga faoi bhláth san earrach. Íomhá: Gníomhaireacht

Colún III
Bithéagsúlacht

Agus suíomh Ghráinseach Ghormáin á fhorbairt tá deis iontach ann luach bithéagsúlachta feabhas a chur ar shuíomh lár Chathair Bhaile Átha Cliath, a acmhainn bhithéagsúlachta a chosaint amach anseo, an bhithéagsúlacht a chur chun cinn go háitiúil agus tacú le hiarrachtaí caomhnaithe bithéagsúlachta ar scála áitiúil agus náisiúnta. Oibríonn an Ghníomhaireacht i dtreo na ngníomhaíochtaí a sainaithníodh i 'Straitéis Bithéagsúlachta Ghráinseach Ghormáin 2017-2022' a chur chun feidhme. Leagtar amach thíos cuid de na héachtaí a baineadh amach sa bhliain 2021.

Crainn Nua a phlandáil

Dearadh Cuspóir 10 an Phlean Straitéisigh Bithéagsúlachta: Féachfaidh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin le formhór mór na gcrann aibí ar ardchaighdeán atá ann cheana a choinneáil agus cuirfidh sé i bhfeidhm clár cuimsitheach plandála de speicis dhúchasacha chun difear a dhéanamh do réimse poiblí coillteach atá ar ardchaighdeán. I ndearadh an Tírdhreacha Máistirphlean bunaidh, beartaíodh ar choincheap nua crann ar plandáil 2,000 crann nua a bheadh i gceist leis. Faoi dheireadh na bliana 2021, cuireadh suas le 491 gcrann nua.

Crainn a Chosaint Le linn na Tógála

Tá crainn mar chuid lárnach de shuíomh Ghráinseach Ghormáin agus den Straitéis Bhithéagsúlachta. Tá freagracht ar an nGníomhaireacht a áirithiú go gcoinneofar na crainn atá ann cheana in situ, nuair is féidir, agus nach ndéanfar damáiste dóibh le linn oibreacha foirgníochta. Faoi 2021, nuair a críochnaíodh an Chearnóg, bhí an fheá rua (Fagus Sylvatica Purpurea) i lár an aonaigh sa chlós istigh.

Síneadh a chur le Líonra na Méaróg Glas

I bpáirceanna na 'méaróg ghlas' cuimsítear príomhbhealaí coisithe/rothaithe thuaidh-theas tríd an suíomh agus tá sé beartaithe go mbeidh ardluach éiceolaíoch acu. Cuireann siad nasc ar fáil ó phríomhbhealach na cathrach — an Cuarbhóthar Thuaidh — isteach sa suíomh. Déantar crainn mhóra shláintiúla atá ann cheana a chomhtháthú i gclóis na méaróg agus, anuas ar thoir agus ar phlandaí luibheacha nua a phlandáil, cuireann siad ar fáil conairí pailneoirí do bheacha agus d'inveirteabraigh. Ina theannta sin, de thoradh páirceanna na méaróg cuirtear feabhas ar na coinníollacha micrea-aeráide ar an suíomh trí bhíthin taise a mhéadú, lánaí fuaraithe aeir a chruthú, briseadh gaoithe, agus cáilíocht an aeir a fheabhsú tríd an deannach fíneáilte atá san aer a laghdú. In 2021, tugadh 9,750 m^2 isteach i gcúrsaíocht.

Neadbhoscaí do Ghabhláin Gaoithe

In 2021, chun bearta praiticiúla a dhéanamh chun an t-éan uirbeach seo atá i mbaol a chosaint agus gnáthóg a thabhairt dó, rinneadh 10 neadbhosca dhúbailte do ghabhláin gaoithe a ionchorprú in aghaidh an Tí Íochtair. Ina theannta sin, beartaíodh 10 neadbhosca do ghabhláin gaoithe lena gcur san áireamh i bhfoirgnimh an Mhoil Acadúil agus an Chearnóg Thiar araon, agus tá 24 cinn eile leagtha amach sa scoil Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7.

Samplálacha de charraigeacha croíleacáin ó thart ar 1 km faoin talamh. Íomhá: Bí Ullamh don Gheimhreadh

Colún IV
Fuinneamh

Ceann de mhórspriocanna na straitéise inbhuanaitheachta comhshaoil is ea an t-éileamh atá ar fhuinneamh agus ar astaíochtaí carbóin araon a íoslaghdú trí phlean fuinnimh a chruthú a fhágfaidh gur forbairt saor ó charbón a bheidh i nGráinseach Ghormáin faoi 2050.

Is coincheap inbhuanaithe é an tIonad Fuinnimh agus an Líonra Téimh Ceantair de bharr a nádúir féin. Is é an bunsmaoineamh teas a chur ar fáil do gach foirgneamh ar champas Ghráinseach Ghormáin trí líonra téimh ceantair leis an uisce a théitear ag Ionad Fuinnimh láraithe. Faoi láthair tá cúig choire mhóra gáis nádúrtha mhóra ag téamh an uisce. Trí ionad láraithe fuinnimh a úsáid, cuirtear deireadh leis an ngá atá ann go n-oibreodh foirgnimh aonair a gcoire féin. Ciallaíonn sé seo go cuirfear teas ar fáil do gach foirgneamh ó fhoinse lárnach amháin seachas 30 coire aonair a bheith scaipthe ar fud an champais. Bíonn idir éifeachtúlacht fuinnimh agus choigiltis fuinnimh ann dá thoradh sin agus laghdaíonn sé freisin an costas a bhaineann le cothabháil agus deisiúcháin, mar nach bhfuil ach an tIonad Fuinnimh le seirbhísiú.

Tá trí fhoirgneamh ar an suíomh faoi láthair a fhaigheann teas díreach ón líonra téimh ceantair — an Teach Íochtair, an Chearnóg Thoir agus an Chearnóg Láir. Tá foirgnimh an Mhoil Ghlais agus Teach Ráth an Dúin le nascadh i Ráithe 4 de 2022. Tagann na héifeachtúlachtaí sa chóras DH ó bharainneachtaí scála. Dá mhéad foirgneamh a cheanglaítear leis an Líonra DH is ea is éifeachtaí agus is saoire costas an teasa le haghaidh foirgnimh aonair.

Oibríonn an tIonad Fuinnimh ar choirí gáis nádúrtha faoi láthair. Ba é tógáil an Ionaid Fuinnimh reatha an chéad chéim ar an turas. Ba é aidhm an Ionaid Fuinnimh reatha go bunúsach uisce te a chur ag sruthú tríd an líonra DH. Baineadh amach an cuspóir sin. Is é an chéad chéim eile a chinneadh cén éabhlóid a thiocfaidh ar an Ionad Fuinnimh d'fhonn cabhair a thabhairt maidir le campas saor ó charbón a bhaint amach ina n-úsáidfear foinsí breosla inbhuanaithe agus in-athnuaite. Tá sé fós le cinneadh cén treo a rachaidh an tIonad Fuinnimh agus cad iad na foinsí breosla a úsáidfear chun an t-uisce a théamh. Tá iniúchadh á dhéanamh ar choirí geoiteirmeacha, ar choirí bithgháis, ar choirí comhghiniúna cumhachta agus teasa, ar choirí caidéal teasa, agus ar choirí bithmhaise. D'fhéadfadh sé gur meascán díobh sin go léir a bheadh ann.

Bunófar Bord Tionscadail Fuinnimh Inmharthana Ghráinseach Ghormáin in 2022 chun gníomhaíocht a chomhordú agus comhairle a thabhairt faoi threo straitéiseach chun cabhair a thabhairt don champas maidir leis an sprioc a bhaint amach, is é sin a bheith saor ó charbón chomh maith le gach sprioc reachtach inbhuanaithe eile a chomhlíonadh.

Saothair ealaíne Ghráinseach Ghormáin. Íomhá: Gníomhaireacht

Colúin V agus VI

Sóisialtacht agus Nuálaíocht

Colún V Sóisialtacht

Is é sainchúram na Gníomhaireachta ceathrú cathrach a dhéanamh de shuíomh iata 73 acra — campas comhtháite cuimsitheach oideachais, cúram sláinte agus pobail. Baintear é seo amach trí rannpháirtíocht agus comhoibriú fiúntach leanúnach le páirtithe leasmhara Ghráinseach Ghormáin — na daoine a dhéanann gurb áit é an spás seo. Faoin Straitéis Cúig Bliana 2021-2026, tá an Ghníomhaireacht ag leanúint d'aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta agus cultúrtha d'Fhís an Mháistirphlean tríd na tionscadail na hEalaíne Poiblí agus Stair Ghráinseach Ghormáin, cur i bhfeidhm leanúnach na Cairte Fostaíochta Áitiúla agus rannpháirtíocht leanúnach i dtionscnaimh ar nós Óige Cheantar Ghráinseach Ghormáin.

Tá cur síos iomlán ar an méid a baineadh amach le déanaí i dTuarascáil Bhliantúil 2021, laistigh de
Caibidil IV — Comhphobal Caibidil VI — Ealaín Phoiblí
Caibidil VII — Stair Ghráinseach Ghormáin

Colún VI Nuálaíocht

Sin é fócas na Gníomhaireachta ar nuálaíocht a lorg agus dearadh an champais á réiteach, ar sholáthar tionscadal caipitil agus ar chomhghuaillíochtaí táirgiúla le comhlachtaí teicniúla agus comhlántacha.

Cumas a Fheabhsú
Thug fostaithe na Gníomhaireachta faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach le béim ar an inbhuanaitheacht le linn 2021.

- Seimineár gréasáin Líonraí Gáis Éireann; Sraith seimineár gréasáin Arup Ireland 'Resilience in Real Estate'.
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann: seimineáir ghréasáin éagsúla maidir faoi 'Carbon Basics'; Taisteal gnó M &R; Inbhuanaitheacht
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte Sasana agus An Bhreatain Bheag: Seimineáir ghréasáin an Ghrúpa ad hoc um an Seimeastar Eorpach.
- Inbhuanaitheacht agus costáil ar feadh an tsaoil; Ciorclaíocht a thógáil
- Comhairle Tógála Glas na hÉireann: Carbón corpraithe a laghdú sa tógáil.

Ina theannta sin, thug roinnt fostaithe cuairt ar an suíomh 'Green Generation', An Urnaí, Co. na Mí chun oibriú an díleáiteora anaeróbaigh a fheiceáil, rud a dhéanann dramhaíl talmhaíochta agus
dramhaíl bia a thiontú ina fhuinneamh in-athnuaite (bithghás agus bithmheatán) agus a tháirgeann leasachán orgánach mar sheachtháirge. Is eiseamláir é Green Generation de chuideachta Éireannach a bhaineann leas as cumhacht an gheilleagair chiorclaigh.

Móinéir Bláthanna Fiáine ar an taobh thuaidh den Teach Íochtair. Íomhá: Conor Mulhern

Inbhuanaitheacht

Méadracht agus Socrú Spriocanna

Tá an Ghníomhaireacht ag obair ar mhéadracht oiriúnach a fhorbairt chun an dul chun cinn faoi na sé cholún a thomhas. I gcás na bhFoirgneamh, is é an tomhas ratha an méid carbóin a úsáidtear in aghaidh an mhéadair chearnaigh tógála agus is é NZEB an tomhas i gcás úsáid leanúnach na bhfoirgneamh. Is maith a thuigtear NZEB, ach maidir le teicnící chun carbón corpraithe a thomhas, cé go bhfuil siad sin indéanta go teoiriciúil, sa chleachtas níl siad chomh forbartha sin. Tá an Ghníomhaireacht ag obair le foirne deartha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis sin.
Léirítear thíos an dul chun cinn leathan atá á dhéanamh againn maidir le Colún 1 — an carbón a laghdú i bhFoirgnimh.

Buaileann Plás na Cloiche Leithne le Bealach Bhreandáin. Íomhá: Conor Mulhern

Roinn III
Rialachas

Nochtaithe agus Tuairisciú Reachtúil ar Shaoráil Faisnéise

Tháinig Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2015.
Ó dheireadh 2021 i leith, rinne an Ghníomhaireacht 20 iarraidh a phróiseáil faoin Acht seo.

Fiosrúcháin ón Oireachtas

De réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, tá prótacail curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí den Oireachtas. Tuairisceoidh an Ghníomhaireacht go bliantúil maidir leis na prótacail seo a chomhlíonadh agus foilseofar gach iarraidh ar fhaisnéis agus a bhfreagraí (i gcás inarb iomchuí) ar ár suíomh gréasáin. Ní dhearnadh aon iarratas ar fhaisnéis ó chomhalta den Oireachtas le linn 2021.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Mar chomhlacht poiblí, tá ceanglas ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta
2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi líon na nochtuithe cosanta a rinneadh di sa bhliain roimhe sin, agus maidir leis an ngníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don Ghníomhaireacht sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí in EEA go príomha leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE/2016/679) (an 'RGCS'). Is í an Ghníomhaireacht atá freagrach as RGCS a chomhlíonadh maidir le gach fothacar sonraí. Maidir leis na príomhghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta,

is í an Ghníomhaireacht a dhéanann iad faoi réir RGCS. Ó dheireadh 2020 i leith, rinne an Ghníomhaireacht iarraidh amháin a phróiseáil faoin Acht seo.

Cód Iompair 2018 do Dhaoine a bhfuil Gníomhaíochtaí Brústocaireachta á ndéanamh acu

Ón 1 Eanáir 2019, an Cód Iompair do Dhaoine a bhfuil Gníomhaíochtaí Brústocaireachta á ndéanamh acu, tá feidhm aige maidir leis an nGníomhaireacht.

Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as an Dualgas maidir le Comhionannas san Earnáil Poiblí agus le Cearta an Duine ('an Dualgas') a chomhlíonadh. Cuireann sé seo oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí cearta daonna na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint; agus ar an bhfoireann agus iad i mbun a gcuid oibre laethúla.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Le Rialacháin 2019 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí) (I.R. Uimh. 230 de 2020) tugtar Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin faoi raon feidhme an Achta le héifeacht ón 25 Meitheamh 2020.

Roinn III

Ráitis Airgeadais

CLÁR

	Leathanach
Comhaltaí Boird agus Eolas Eile	172-173
Ráiteas Rialachais	174-186
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	187-190
Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	191-192
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Coinneálacha Brabúis	193
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	194
Ráiteas ar Staid Airgeadais	195
Ráiteas na Sreafaí Airgid	196
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	197-218

Comhaltaí Boird agus Eolas Eile

Comhaltaí Boird

An tUasal Paul O'Toole	Cathaoirleach	(ceaptha ar 14 Eanáir 2020)
An tUasal Gerrard Casey	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	
An tUasal Jim Curran		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Elva Duffy BL		(athcheaptha ar 8 Eanáir 2021)
An tUasal Penelope Kenny FCA		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Ciaran McCaffrey		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An tOllamh Terri Scott		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Jack MacGowan		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Mellany McLoone		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An Dr Susan O'Shaughnessy		(athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021)
An tUasal David Conway		(Ceaptha ar 14 Eanáir 2020)
An Dr Paul Horan		(Ceaptha ar 20 Bealtaine 2021)
An tUasal Luke McManus		(ceaptha ar 15 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Joe Costello		(ceaptha ar 15 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Deirdre Scully		(ceaptha ar 15 Meán Fómhair 2021)
An Clr Janice Boylan		(téarma curtha i gcrích ar 8 Meán Fómhair 2021)
An Dr Noel O'Connor		(athcheaptha ar 9 Samhain 2018 & éirithe ar 28 Aibreáin 2021)
An tUasal Paul Clegg		(téarma curtha i gcrích ar 8 Meán Fómhair 2021)
An tUasal Louise Keegan		(téarma curtha i gcrích ar 8 Meán Fómhair 2021)

Comhaltaí Boird agus Eolas Eile

OIFIG CLÁRAITHE:

An 4ú hUrlár, Teach na Páirce Gráinseach Ghormáin
191 An Cuarbhóthar Thuaidh
Baile Átha Cliath 7
D07 EWV

INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Baile Átha Cliath 01 PF72

BAINCÉIRÍ:

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2
D02 VR66

Banc Aontais Éireann cpt
1 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 X342

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Foirgneamh an Státchiste
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath D01 A9T8

DLÍODÓIRÍ:

McCann Fitzgerald
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath D02 X576

Ráiteas Rialachais

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Comhaltaí Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Rialachas

Bunaíodh Gníomhaireacht Ghráinseach Ghormáin (GDA) faoi Acht GDA 2005 chun críche forbairt a dhéanamh ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin ar leas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, FSS agus an pobal áitiúil. Tá an Bord freagrach don Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (an tAire Oideachais agus Scileanna roimh an 21 Deireadh Fómhair 2020) agus tá na hábhair in áirithe do chinntí an Bhoird de réir a reachtaíocht chumasúcháin liostáilte anseo thíos. Tá bainistiú oibríochtúil agus rialú ó lá go lá faoi fhreagracht an POF (an tOifigeach Cuntasaíochta faoin Acht) agus an fhoireann fheidhmiúcháin. Tá an POF ag feidhmiú mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an GDA.

Feidhmíonn an GDA faoi fhráma um Rialachas Corparáideach a léiríonn dea-chleachtas agus atá ailínithe le riachtanais straitéiseacha agus oibríochtúla ár bpáirtithe leasmhara agus Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Tá an Ghníomhaireacht faoi réir an Chóid Chleachtais do Rialú na gComhlachtaí Stáit.

Tá 15 comhalta sa Ghníomhaireacht atá ceaptha ag an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus tá duine amháin astu ceaptha mar Chathaoirleach.

Freagrachtaí Gníomhaireachta

Tá obair agus freagrachtaí na Gníomhaireachta leagtha amach in Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005.

Tá sé mar aidhm ag an Acht forbairt a áisiú ar shuíomh 73 acra i nGráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath mar champas nua-aimseartha le haghaidh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, áiseanna cúram sláinte agus sóisialta príomhúil uasghrádaithe a chur ar fáil do FSS agus rochtain/áiseanna pobail a chur ar fáil.

Is é feidhm foriomlán an GDA ná bainistíocht a dhéanamh ar an bhforbairt ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe. Ar an iomlán, is iad seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- Glacadh le suíomh Ghráinseach Ghormáin agus réadmhaoine Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath;
- Plean straitéiseach a ullmhú;
- Cinneadh a dhéanamh faoi straitéis soláthair oiriúnach;
- Dul i gcomhairle le heagraíochtaí ábhartha, grúpaí ionadaíocha agus an pobal áitiúil;
- Obair thógála a dhéanamh;

Ráiteas Rialachais

- Réadmhaoine a thabhairt ar ais do FSS/Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus comhlacht oideachais eile.

Éilíonn Roinn 33(4) d'Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 cuntais na Gníomhaireachta le haghaidh gach bliain airgeadais a choimeád i bhfoirm agus ar bhealach a shonraíonn an tAire agus le hullmhú ag an POF le faomhadh ag an nGníomhaireacht chomh luath agus is féidir tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann le cur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag an nGníomhaireacht is cóir:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- Luaigh cibé ar leanadh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, lena n-áirítear Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102, (FRS 102), faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- Aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhíniú ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ghníomhaireacht lena gnó.

Deimhníonn an Bord go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus as céimeanna freagracha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus cuireann sí ar a chumas go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le Roinn 33 - 36 den Acht GDA 2005.

Ábhair in áirithe don Bhord

- Cuspóirí agus straitéisí fadtéarmacha an GDA a fhaomhadh;
- Bunú, téarmaí tagartha, ballraíocht, nósanna imeachta agus díscaoileadh na gcoistí Boird;
- Bunú agus díscaoileadh an Ghrúpa Sainchomhairleoireachta (Roinn 22 Acht GDA 2005);
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais an GDA a fhaomhadh;

Ráiteas Rialachais

- A dhearbhú go bliantúil don Aire go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm ag an gComhlacht Stáit;
- Plean Straitéiseach a ghlacadh (Roinn 12(4) d'Acht GDA 2005);
- Straitéis ghlactha a chur i bhfeidhm trí phleanáil bhliantúil agus timthriall buiséid;
- Plean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus luacháil foirmeálta d'fheidhmiúcháin trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad ar bhonn bhliantúil le cuimsiú sa tuarascáil bhliantúil de réir mar is cuí;
- Iasachtaí a dhéanann an GDA (Roinn 15 d'Acht GDA 2005);
- Cinneadh ar nósanna imeachta bronnadh conartha le Seirbhís, Conarthaí Soláthair agus Oibreacha, ar aon dul le nósanna imeachta soláthair;
- Athbhreithniú de shocruithe rialachais chorparáideach foriomlána agus téarmaí tagartha na bhfochoistí;
- Fráma na bainistíochta riosca a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Ba chóir don Bhord eachtraí riosca ábhartha a athbhreithniú agus gníomhaíochtaí bainistíochta a fhaomhadh nó a nótáil, de réir mar is cuí;
- Ceapachán, agus pleanáil comharbais don POF a fhaomhadh;
- Beartas straitéiseach a chinneadh maidir le hionchúiseamh, cosaint nó socrú dlíthíochta;
- Éadáil agus diúscairt talún, leas talún nó aon réadmhaoin eile faoi réir thoil an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Roinn 8(2) Acht GDA 2005);
- Éadáil, diúscairt agus éirí as sócmhainní le luach measta ar nó os cionn leibhéal tairsigh de €150,000;
- Scéim aoisliúntais a ullmhú le cur faoi bhráid an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus le faomhadh le leasuithe suntasacha don scéim (lena bhféadfadh faomhadh ón Aire a bheith ag teastáil);
- Freagracht as leibhéil údaráis, cistíocht agus beartais bainistíocht riosca a tharmligean;
- Áirithigh go ngéilltear do riachtanais reachtúla agus riaracháin maidir le faomhadh an uimhir, grádú agus coinníollacha ceapachán gach ball foirne, ar aon dul le ciorcláin agus smachtbhannaí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ;
- Scaireanna a fháil i gcomhlachtaí le dliteanas teoranta chun teacht i dtír ar aon obair thaighde, chomhairleoireachta nó forbartha a rinne an Ghníomhaireacht (Roinn 9(1) (b) d'Acht GDA 2005);

Ráiteas Rialachais

- Tailte agus réadmhaoin a dhílsiú do FSS, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath nó aon chomhlacht oideachasúil eile, ar an gcéim tógála a chur i gcrích, in úinéireacht an údaráis, institiúid nó comhlacht eile ar leith (Roinn 9(1) (l) d'Acht GDA 2005);
- Athbhreithniú dá fheidhmíocht féin agus bealaí a aithint chun feabhas a chur ar a éifeachtacht agus a aithint má bhíonn bearnaí in inniúlachtaí agus na bealaí chun dul i ngleic leo;
- Mar aon le cruinnithe rialta i measc chomhaltaí na Gníomhaireachta, reáchtálann an POF cruinnithe foirmeálta rialta le páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Roinn ábhartha, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus FSS.

Timthriall Rialachais na Gníomhaireachta

Ráiteas Rialachais

Struchtúr na Gníomhaireachta
Struchtúr Eagraíochtúil an GDA

Foireann Bainistíochta Sinsearach

Ráiteas Rialachais

Struchtúr na Gníomhaireachta

Tá Cathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta sa Ghníomhaireacht, agus iad ar fad ceaptha ag an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ceaptar Comhaltaí na Gníomhaireachta le haghaidh tréimhse nach mó ná trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta (seachas mí Lúnasa). Tá liosta de na comhaltaí Gníomhaireachta sa tábla thíos atá ar seirbhís le linn 2021, agus na dátaí ceapacháin agus éirí as faoi seach.

Comhalta Gníomhaireachta	Ainmnithe Ag	Dáta Ceaptha
An tUasal Paul O'Toole(Cathaoirleach)	An tAire ABTNE*	Ceaptha ar 14 Eanáir 2020
An tUasal Gerrard Casey (PFO)	An tAire ABTNE	An 13 Iúil 2016
An tUasal Jim Curran	An tAire Sláinte	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An tUasal Elva Duffy BL	An tAire ABTNE	Athcheaptha ar 8 Eanáir 2021
An tUasal Penelope Kenny FCA	An tAire ABTNE	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An tUasal Ciaran McCaffrey	An tAire ABTNE	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An tOllamh Terri Scott	An tAire ABTNE	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An tUasal Jack MacGowan	An tAire ABTNE	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An tUasal Mellany McLoone	An tAire Sláinte	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An Dr Susan O'Shaughnessy	Uachtarán OT BAC	Athcheaptha ar 9 Meán Fómhair 2021
An tUasal David Conway	An tAire ABTNE	Ceaptha ar 14 Eanáir 2020
An Dr Paul Horan	Uachtarán OT BAC	Ceaptha ar 20 Bealtaine 2021
An tUasal Luke McManus	Pobal	Ceaptha ar 15 Meán Fómhair 2021
An Clr Joe Costello	POF Chomhairle Cathrach BAC	Ceaptha ar 15 Meán Fómhair 2021
An tUasal Deirdre Scully	POF Chomhairle Cathrach BAC	Ceaptha ar 15 Meán Fómhair 2021
An Clr Janice Boylan	POF Chomhairle Cathrach BAC	Téarma curtha i gcrích ar 8 Meán Fómhair 2021
An Dr Noel O'Connor	Uachtarán OT BAC	Athcheaptha ar 9 Samhain 2018 & éirithe ar 28 Aibreáin 2021
An tUasal Paul Clegg	POF Chomhairle Cathrach BAC	Téarma curtha i gcrích ar 8 Meán Fómhair 2021
An tUasal Louise Keegan	Pobal	Téarma curtha i gcrích ar 8 Meán Fómhair 2021

*ABTNE = Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nualaiochta agus Eolaiochta

Ráiteas Rialachais

Tá cuig choiste bunaithe ag an nGníomhaireacht, mar seo a leanas:

1. An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca: lena bhfuil ceathrar Comhalta Gníomhaireachta. Tá sé mar ról ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca (ARC) tacú leis an nGníomhaireacht maidir lena bhfreagrachtaí i leith riosca, rialachais agus rialú agus árachas a bhaineann leis. Tá ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais den eagraíocht. Cinntíonn ARC ach go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha. Tugann ARC tuairisc don Ghníomhaireacht tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ba iad Comhaltaí ARC in 2021 ná:
Penelope Kenny FCA (Cathaoirleach), Ciaran McCaffrey, An tOllamh Terri Scott, agus an tUasal Mellany McLoone.

Is iad Comhaltaí ARC in 2022 ná:
Penelope Kenny FCA (Cathaoirleach), Ciaran McCaffrey, Elva Duffy agus David Conway.

Bhí 6 chruinniú ag ARC in 2021.

2. An Coiste Sláinte & Sábháilteachta: lena bhfuil cúigear (2021: ceathrar) Comhalta Gníomhaireachta. Is é an ról atá ag an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta ná monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus treoir straitéiseach agus ceannaireacht a chur ar fáil chun tionscadal Ghráinseach Ghormáin a sheachadadh go sábháilte. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta fís GDA a bhaint amach “Tá sé mar aidhm againn cur chuige Sláinte agus Sábháilteachta comhoibríoch a ghlacadh ar fud teorainneacha”. Bíonn moltaí ón gcoiste curtha faoi bhráid an Bhoird.

Ba iad Comhalta an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta in 2021 ná:
Janice Boylan (Cathaoirleach), Louise Keegan, Ciaran McCaffrey agus Susan O’Shaughnessy.

Is iad Comhaltaí an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta in 2022 ná:
Ciaran McCaffrey (Cathaoirleach), an Dr Paul Horan, Mellany McLoone, Luke McManus agus Susan O’Shaughnessy.

Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2021.

3. An Coiste Straitéiseach & Pleanála: lena bhfuil seisear Comhalta Gníomhaireachta. Is é ról an Choiste Straitéisigh & Réadmhaoine ná monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Diúscartha Straitéiseach & Réadmhaoine chun é a chur ar fáil, go háirithe ábhair a mbeidh tionchar acu ar an Scéim Pleanála nó an Plean Straitéiseach; deiseanna féideartha a

mheas agus comhairle agus dúshláin a thabhairt don Ghníomhaireacht; deiseanna nó tionscnaimh a mheas agus comhairle a chur orthu chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal; tuairisc a thabhairt don Bhord ar cheisteanna a thagann chun cinn agus na roghanna straitéiseacha atá ar fáil. In 2021, tugadh an Coiste Straitéiseach & Réadmhaoine ar an gcoiste.

Ba iad Comhaltaí SPC in 2021 ná:
Paul Clegg (Cathaoirleach), Jim Curran, Elva Duffy, Jack MacGowan, an Dr Noel O'Connor agus David Conway.

Is iad Comhaltaí SPC in 2022 ná:
Jack MacGowan (Cathaoirleach), David Conway, Jim Curran, an Dr Paul Horan, an tOllamh Terri Scott agus an tUasal Deirdre Scully.

Bhí 5 chruinniú ag an SPC le linn 2021.

4. An Coiste Pleanála Acmhainní Daonna agus Lucht Saothair: Iena bhfuil triúr (2021: ceathrar) Comhalta Gníomhaireachta. Is é an ról atá ag an gCoiste Pleanála Acmhainní Daonna agus Lucht Saothair (HRWC) ná comhairle a chur ar an nGníomhaireacht agus moltaí a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le lucht saothair. Tugann HRWC tuairisc don Ghníomhaireacht tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. In 2021, tugadh an Coiste Lucht Saothair & Íocaíochta ar an gcoiste.

Ba iad Comhaltaí HRWC in 2021 ná:
Mellany McLoone (Cathaoirleach), Jim Curran, Penelope Kenny, Elva Duffy agus an Dr Noel O'Connor (éirithe as in 2021)

Is iad Comhaltaí HRWC in 2022 ná:
Mellany McLoone (Cathaoirleach), Jim Curran, agus an tOllamh Terri Scott.

Bhí 2 chruinniú ag an HRWC le linn 2021.

5. An Coiste Pobail & Cultúir: a cruthaíodh in 2022 agus ina bhfuil seisear Comhalta Gníomhaireachta. Is iad na téarmaí tagartha don choiste Pobail agus Cultúir (CCC) ná ábhair a mheas, ar leibhéal straitéiseach, a thagann chun cinn ó obair an Ghrúpa Comhairleach, an Coiste Idirghabhála Pobail, Fóram Saothair Áitiúil Ghráinseach Ghormáin, Grúpa Oibre Ealaín Poiblí, Grúpa Staire Ghráinseach Ghormáin. Measann an coiste nua gnéithe straitéiseacha de mhisean GDA maidir leis na réimsí seo agus cuirfidh siad comhairle ar an mBord dá réir.

Tugann CCC tuairisc don Ghníomhaireacht tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad Comhaltaí CCC in 2022 ná:

Ráiteas Rialachais

Joe Costello (Cathaoirleach), Elva Duffy, Penelope Kenny, Luke McManus, Susan O'Shaughnessy agus Deirdre Scully.

Comhaltaí Boird Nua

Tá próiseas ionduchtaithe ag an GDA le haghaidh Comhaltaí Boird nua. Tá sé deartha lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi oibleagáidí reachtúla na Gníomhaireachta agus an chaoi a ndéanann an Bord a ghnó. Áirítear ábhar eolais ábhartha, sonraí faoi phleananna straitéiseacha na Gníomhaireachta, agus clár de chruinnithe an phríomhBhoird agus na bhfochoistí.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh na gcruinnithe Gníomhaireachta agus ARC le linn 2021 leagtha amach anseo thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach Comhalta:

Ráiteas Rialachais

Board and Board Committee members and meeting attendance in 2021

	Board	Audit & Risk attendance	Health & Safety	Strategy & Property	Workforce & Remuneration	Fees € 2021	Expenses € 2021
Number of meetings	8	6	3	5	2		
Mr Paul O'Toole	8					8,970	
Mr Gerrard Casey	8						540
Cllr Janice Boylan	3 (5)		3 (3)			4,120	
Mr Paul Clegg	5 (5)			2 (3)			
Mr David Conway	8			4		5,985	
Mr Jim Curran	8			4	2		
Ms Elva Duffy BL	6 (8)			4	1	5,985	
Ms Louise Keegan	5 (5)		3			4,120	
Ms Penelope Kenny FCA	8	6 (Chair)			1	5,985	
Mr Ciaran McCaffrey	7	5	3 (Chair)				
Mr Jack MacGowan	8			5 (Chair)		5,985	
Ms Mellany McLoone	7	6			2 (Chair)		
Dr Noel O'Connor	3 (5)			2 (2)	2		
Dr Susan O'Shaughnessy	8		3				
Prof Terri Scott	6	6				5,985	
Dr Paul Horan	5 (5)			2 (3)			
Cllr Joe Costello	2 (3)					1,779	
Luke McManus	3 (3)					1,779	
Deirdre Scully	3 (3)						
Total						50,615	540

() = the maximum no. of meetings it was possible to attend, otherwise, the maximum number was possible.

Ní bhfuair comhaltaí seo na Gníomhaireachta táille, an tUasal Jim Curran, an Dr Paul Horan, an Dr Noel O'Connor, an tUasal Paul Clegg, an tUasal Ciaran McCaffrey, an tUasal Mellany McLoone, an Dr Susan O'Shaughnessy agus an tUasal Deirdre Scully faoin bpríonsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS). Ní bhfuair an tUasal Gerrard Casey, mar POF táille ar bith.

Na Príomharthruithe Pearsanra

In Aibreán 2021, tar éis do Mháire Mellerick éirí as, ceapadh Dominick Healy mar Stiúrthóir Tógála & Infreastruchtúir. Ina dhiaidh sin, d'éirigh Dominick Healy as in Iúil 2022, agus ceapfar Stiúrthóir nua Tógála & Infreastruchtúir i nDeireadh Fómhair 2022.

Coiltíonnaíocht Inacne sa bhaillraíocht Boird

Ráiteas Rialachais

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 6 (40%) comhalta baineann agus 9 (60%) comhalta fireann. Mar sin, tá an Bord ar sprioc Rialtais de 40% ionadaíocht ar a laghad de gach inscne i mbailraíocht Boird Stáit.

Cuireann an Bord an cholltromaíocht inscne san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin nua le meas ag an Roinn.

Nochtaí riachtanacha trí Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as a chinntiú go bhfuil Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghoirín ag cloí le riachtanais an Chóid. Tá na nochtaí seo a leanas ag teastáil don Chód:

Briseadh síos Buntáistí Gearrthéarma Fostaí

Nochtfar briseadh síos Fostaí i nóta 7 de na ráitis airgeadais.

Costais Chomhairleachta

Áirítear ar na costais chomhairleachta comhairle seachtrach do bheinistíocht.

	2021	2020
	€'000	€'000
Comhairle dlí	265	144
Comhairleacht deartha	2,089	8,017
Táillí Gaimiúla	32	260
Comhairle Sláinte & Sábháilteachta	37	24
Costais Chomhairleachta Iomlán	2,423	8,445
Conradh	131	172
Costais Tionscadail	963	1,424
Forchostais Reatha	37	312
Caipitilithe	1,292	6,537
Iomlán	2,423	8,445

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Ráiteas Rialachais

Ní raibh aon socraíocht dlí in 2021 ná in 2020. Ach thabhaigh an Ghníomhaireacht costas €260k ar chomhairle dlí a bhain le héileamh ó Eriugena (PPPCo) in aghaidh an Aire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta mar pháirtí conartha maidir le héagsúlachtaí agus moilleanna chun Ceannóg PPP a chur ar fáil.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá caiteachas taistil agus cothabhála rangaithe mar seo a leanas:

	2021	2020
	€	€
Intíre		
Comhaltaí Boird Gníomhaireachta	0	1,203
Fostaithe	495	2,465
Go hIdirnáisiúnta		
Comhaltaí Boird Gníomhaireachta	0	0
Fostaithe	0	234
Iomlán	495	3,902

*In 2020, rinneadh íocaíocht leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí carbóin a frithéiremh a bhain le taisteal aeir oifigiúil.

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2021	2020
	€	€
Fáilteachas Foirne & Boird	1,568	1,610
Fáilteachas Cliaint	0	0
Iomlán	1,568	1,610

Ráiteas Rialachais

Ráiteas Comhlíonta

Déanann an GDA athbhreithniú bliantúil ar a leibhéal comhlíonta le cód cleachtais do rialachas na gcomhlachtaí stáit agus más gá, socruithe a chur i bhfeidhm le comhlíonadh a chinntiú. Tá líon beag maolaithe comhaontuithe leis an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Tá maolaithe comhaontaithe ar:

(i) Rúnaí an Bhoird: Ar an mbonn go ngabhann Acht GDA in ionad an Chóid Chleachtais agus go ndéanann an Rúnaí Comhlachta na feidhmeanna sin go hiondúil go ndéantar iad a tharmligean ag an POF agus atá curtha i gcrích ag Gnóthaí Corparáideacha agus Foireann Feidhmiúcháin eile. Tá gach feidhm reachtúla déanta ag an gCathaoirleach, an Bord agus an POF de réir Acht GDA 2005,

(ii) Tuarascáil Bhliantúil: Spriocdháta chun tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais a fhoilsiú. Tá síneadh ar an spriocdháta comhaontaithe go dtí sé mhí ó dheireadh na bliana nó mí amháin tar éis na Ráitis Airgeadais a shíniú ag an C&AG.

Thar ceann Chomhaltaí na Gníomhaireachta:

An tUasal Paul O'Toole	An tUasal Gerrard Casey
Cathaoirleach	Comhalta Boird
Dáta: 28.09.2022	**Dáta:** 28.09.2022

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip Freagrachta

Thar ceann Ghníomhaireacht Forbartha Gráinseach Ghormáin, aithním freagracht na Gníomhaireachta a chinntíonn go bhfuil córas éifeachtach ar rialú inmheánach coinnithe agus oibrithe. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh na riachtanais den Chód Cleachtais le haghaidh Rialú na gComhlachtaí Stáit.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá Córas um Rialú Inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur leis. Mar sin is féidir leis an gcóras gealltanas réasúnta amháin a chur ar fáil agus ní gealltanas iomlán go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go maith agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhraith go tráthúil.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach, a thagann faoi réim treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2021 agus faomhadh cothrom le dáta de na ráitis airgeadais.

Inniúlacht Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ("ARC") ag an ngníomhaireacht ina bhfuil ceathrar Comhalta den Ghníomhaireacht le saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Bhí cruinniú ag ARC sé huaire in 2021.

Bíonn an Ghníomhaireacht i dteagmháil le hIniúchóir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir téarmaí tagartha don ARC agus a thugann tuairisc do ARC. Faomhann ARC Plean Iniúchóireachta Inmheánach agus déantar é a athbhreithniú go bliantúil. Bíonn an Plean Iniúchóireachta Inmheánach forbartha agus cur chuige bunaithe ar riosca in úsáid.

Tá riosca inghlacthachta na heagraíochta leagtha amach ag an nGníomhaireacht agus tá sé leagtha amach sa Ráiteas um Riosca Inghlacthachta. Tá Beartas um Bainistíocht Riosca forbartha ag ARC a leagann amach na Próisis um Bainistíocht Riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn na róil agus na freagrachtaí foirne maidir le riosca. Tá an beartas eisithe do gach ball foirne atá in ainm is a bheith ag obair laistigh de Bheartais um Bainistíocht Riosca na Gníomhaireachta, chun bainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá gcuid oibre féin.

Creat um Riosca agus Rialú

Tá Córas um Bainistíocht Riosca curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht a aithníonn na príomhrioscaí agus a thugann tuairisc mar aon leis na gníomhartha bainistíochta a glacadh le dul i ngleic leo agus, na rioscaí sin a mhaolú, chomh fada agus ab fhéidir.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tá bainistíocht riosca ar an gclár oibre do ARC agus don Ghníomhaireacht araon. Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá an Ghníomhaireacht ag dul i ngleic leo agus tá siad aitheanta, athbhreithnithe agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann an Ghníomhaireacht, go ráithiúil, athbhreithniú ar na rioscaí ar fad a aithnítear ar an gClár Riosca agus an plean bainistíochta as na rioscaí a aithníodh a mhaolú. Déantar na rioscaí a aithnítear le linn na bliana a chur leis an gClár Riosca ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, déantar na rioscaí ardchéimiúla (atá rangaithe mar dhearg), rioscaí nua agus rioscaí a athraíonn ar an gClár Riosca a athbhreithniú ceithre huaire in aghaidh na bliana ag an nGníomhaireacht. Baintear úsáid as toradh na measúnaithe seo acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Tugann an Clár Riosca sonraí ar na rialaithe agus na gníomhartha a theastaíonn na rioscaí agus an fhreagracht a mhaolú le rialaithe a oibriú a shanntar don fhoireann ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas ann:

- Bíonn nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- Bíonn freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- Bíonn córas buiséid oiriúnach ann le buiséad bliantúil a choimeádann an bhainistíocht shinsearach agus an Ghníomhaireacht faoi athbhreithniú;
- Bíonn na córais dírithe ar shlándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise a chinntiú; agus
- Bíonn na córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear tuairisc ar aghaidh faoi easnaimh a rialú dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaithe a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Ghníomhaireacht, más cuí, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnach seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialaithe a bhaineann leis agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialaithe sin agus aon easnamh a aithníodh a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal sa chás go bhfuil freagracht maidir le bainistíocht airgeadais sannta; agus

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- Bíonn athbhreithnithe rialta ag bainistíocht shinsearach agus ag an nGníomhaireacht d'fheidhmiú bliantúil nó tréimhsiúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséid agus/nó tuartha.

Soláthar

Dearbhaím go gcinntíonn an Ghníomhaireacht go bhfuil béim ar leith ar dhea-chleachtas i soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm de réir na dtreoirlínte, na rialachán soláthair ábhartha agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

Dearbhaím freisin, gur in 2021, chomhlíon an Ghníomhaireacht na nósanna imeachta seo, go bhfuil na soláthairtí ag cloí agus níl aon eisceachtaí soláthairtí le nótáil le haghaidh soláthairtí níos mó ná €25,000.

Éifeacht na paindéime COVID-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Maidir le tús na paindéime COVID -19 go luath in 2020, a lean ar aghaidh le linn 2021, agus an chomhairle sláinte phoiblí agus bearta sábháilteachta mar thoradh air, tháinig athrú ar chleachtais oibre Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (an Ghníomhaireacht). Rinne Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin monatóireacht dhlúth ar na forbairtí, ag féachaint i dtreo na rioscaí a mhaolú a chuirfeadh isteach ar oibríochtaí gnó, baill foirne agus páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta. Tá an méid seo a leanas i measc na ngníomhartha a rinne an Ghníomhaireacht: -

- Cuireadh tús leis an múnla, Gnó mar is Gnách sa Ghníomhaireacht
- Bord, Feidhmeannas agus Foireann na Gníomhaireachta a aistriú go timpeallacht chianda chun cinntí gnó a dhéanamh.
- Athruithe riachtanacha a dhéanamh do thimpeallacht oifige fisiceach na Gníomhaireachta de réir treoir agus sainmheasúnú foilsithe.
- Measúnaithe riosca COVID-19 leanúnacha ar na baill foirne agus na páirtithe leasmhara.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim COVID-19 agus solúbthacht na Gníomhaireachta freagairt go héifeachtach.
- Leithscaradh tréan a chinntiú maidir le dualgais agus clúdach imleor a bheith i bhfeidhm dá mba rud é nach raibh údaráis faofa ar leith ar fáil.
- A chinntiú go leanfar le cosaint sonraí agus taifid ar bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta i bhfeidhm mar is gnách.
- Acmhainn laigí a mheas i rialaithe inmheánacha a bhfuil COVID-19 mar thoradh air agus bearta a ghlacadh chun monatóireacht a dhéanamh ar rialaithe inmheánacha más gá.
- Na himpleachtaí a bhainistiú ar ár suíomhanna tógála beo agus ar thograí tógála amach anseo.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht Bhainistíocht Riosca agus Nósanna Imeachta Rialaithe. Faigheann an Ghníomhaireacht eolas ar mhonatóireacht agus athbhreithniú a éifeachtachta den chóras rialaithe airgeadais inmheánach ó obair na nIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Ghníomhaireacht atá freagrach as forbairt agus cothabháil an fhráma rialaithe airgeadais inmheánach.

Dearbhaím go ndearna Comhaltaí na Gníomhaireachta i gcomhar leis na hIniúchóirí Inmheánacha, athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na Rialaithe Inmheánacha le haghaidh 2021. Foilsíodh an Tuarascáil Urrúis Bhliantúil i bhFeabhra 2022 agus cuireadh i láthair an Choiste Riosca & Iniúchta í ag cruinniú an 22 Feabhra 2022.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Leanadh le paindéim COVID -19 in 2021 agus bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar oibríochtaí Ghníomhaireacht Ghráinseach Ghormáin, a chruthaigh dúshláin agus rioscaí oibríochtúla, sláinte agus sábháilteachta agus airgeadais. Tá tionchar ag gníomhaíochtaí nua, ath-thosaíochtaí oibre agus brú ar sheirbhísí seachadta ar oibríochtaí agus foireann na Gníomhaireachta. Rinneadh na rioscaí seo a mheas, taifeadadh iad ar an gClár Taifeadta agus cuireadh gníomhartha maolaitheacha i bhfeidhm. Tá monatóireacht leanúnach ar na rioscaí agus na gníomhartha riachtanacha. Rinne an bord na dúshláin siúd chun rialaithe inmheánacha éifeachtacha a chothabháil a mheas, inar cuimsíodh treoir a d'eisigh Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Bord den tuairim nach bhfuil aon athrú ábhartha ar oibríocht na timpeallachta rialaithe inmheánach i nGníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin mar thoradh ar COVID-19.

Níor aithníodh aon laigí ábhartha i Rialú Inmheánach maidir le 2021.

Thar ceann Chomhaltaí na Gníomhaireachta:

An tUasal Paul O'Toole	An tUasal Gerrard Casey
Cathaoirleach	Comhalta Boird
Dáta: 28.09.2022	**Dáta:** 28.09.2022

Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2021 mar atá riachtanach faoi fhorálacha chuid 33 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Cuimsítear an méid a leanas leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus tuilleamh coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ar an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2021 de réir Caighdeán Tuarascála Airgeadais (FRS) 102 - *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*

Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (ISAnna) de réir mar a chuirtear chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus chomhlíon mé m'fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an Ghníomhaireacht faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ghnóthaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú trí eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
29 Meán Fómhair 2022

Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Aguisín na Tuarascála

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird freagrachtaí na gcomhaltaí Boird, lena n-áirítear

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha amach faoi alt 33 Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 33 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh fúthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil maidir le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh le himeachtaí amach anseo deireadh a chur le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin a bheith mar ghnóthas leantaigh.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Coinneálacha Brabúis

	Nóta	Bliain dár críoch an 31 Nollaig 2021	Bliain dár críoch an 31 Nollaig 2020
		€'000	€'000
IONCAIM			
Ioncaim	2	10,653	4,427
Maoiniú iarchurtha glan do bhuntáistí scoir	8 (c)	444	392
Ioncaim Eile	3	21,357	1,894
		32,454	6,713
Aistriú talún & foirgnimh ón nGníomhaireacht	13	(20,248)	
Aistriú ó / (chuig) cuntas caipitil	4	(4,971)	898
		7,235	7,611
CONRADH CAITEACHAIS & COSTAIS TOGRAÍ			
Costais Conarthaí	5	179	683
Costais Tionscadail	6	1,629	2,040
Costais roinnte inghnóthaithe		1,072	559
Tionscadail / Coimisiúin Speisialta		41	2
		2,921	3,284
Ollranníocaíocht		4,314	4,327
FORCHOSTAIS GHINEARÁLTA			
Costais Foirne	7	1,892	1,735
Costais Scoir	8 (d)	476	400
Íocaíocht agus costais na gcomhaltaí Boird	12	51	51
Costais Bhunaithe	9	149	143
Seirbhísí Gairmiúla	10	289	539
Costais oibríochtúla ginearálta	11	115	101
Cumarsáid & PR		41	34
Dímheas	13	1,134	1,087
Táillí iniúchóireachta		28	30
		4,175	4,120
BARRACHAS DON BHLIAIN		139	207
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir		899	692
IARMHÉID CURTHA AR AGHAIDH AN 31 NOLLAIG		1,038	899

Tá Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

THAR CEANN AN BHOIRD:

An tUasal Paul O'Toole
Cathaoirleach
Dáta: 28.09.2022

An tUasal Gerrard Casey
Comhalta Boird
Dáta: 28.09.2022

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	Nóta	Bliain dár críoch an 31 Nollaig 2021	Bliain dár críoch an 31 Nollaig 2020
		€'000	€'000
Barrachas don bhliain		139	207
Brabús/(caillteanas) bainte amach ar scéim dliteanais Buntáistí Scoir		(760)	(360)
Athrú ar bhonn tuisceana an luach reatha de dhliteanais Bhuntáistí Scoil		0	0
Brabús/(caillteanas) achtúireach iomlán na bliana	8(f)	(760)	(360)
Coigeartú ar mhaoiniú buntáiste scoir		760	360
Ioncaim cuimsitheach iomlán don bhliain		139	207

Tá Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

THAR CEANN AN BHOIRD:

An tUasal Paul O'Toole

Cathaoirleach

Dáta: 28.09.2022

An tUasal Gerrard Casey

Comhalta Boird

Dáta: 28.09.2022

Ráiteas ar Staid Airgeadais

	Nótaí	an 31 Nollaig 2021 €'000	an 31 Nollaig 2020 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Gléasra agus trealamh	13	114,213	124,577
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Obair idir lámha	14	0	0
Infhála agus réamhíocaíochtaí	15	2,006	864
Airgead sa bhanc agus ar láimh		8,692	8,134
Airgead cinnteachta		111,450	141,049
		122,148	150,047
FIACHAIS REATHA			
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain	16	(10,414)	(8,862)
FIACHAIS REATHA GLAN		111,734	141,185
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE REATHA FIACHAIS		225,947	265,762
FIACHAIS FADTÉARMACHA			
Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana	17	(131,441)	(176,366)
Fiachais buntáistí scoir	8(b)	(4,127)	(2,923)
Fiachais buntáistí scoir iarchurtha	8(b)	(4,127)	(2,923)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE FIACHAIS		94,506	83,396
LÉIRIÚ			
Cúlchistí ioncaim coimeádta	18	1,038	899
Cuntas caipitil	4	93,468	88,497
		94,506	89,396

Tá Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

THAR CEANN AN BHOIRD:

An tUasal Paul O'Toole
Cathaoirleach

Dáta: 28.09.2022

An tUasal Gerrard Casey
Comhalta Boird

Dáta: 28.09.2022

Ráiteas na Sreafaí Airgid

	Nótaí	Bliain dár críoch an 31 Nollaig 2021 €'000	Bliain dár críoch an 31 Nollaig 2020 €'000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla			
Barrachas oibríochtúil don bhliain		139	207
Dímheas	13	1,134	1,087
Caillteanas ar shócmhainn a dhiúscairt		0	2
Ús isteach	3	(1)	(2)
(Méadú)/Laghdú ar obair idir lámha	14	0	63
Laghdú /(Méadú) in infhála	15	(1,142)	(413)
Laghdú /(Méadú) in íocaíochtaí	16	1,552	3,141
Aistriú (ó) / chuig cuntas caipitil	4	4,971	(898)
Aistriú sócmhainní go hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	17	448	0
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla		(25,125)	(1,929)
		(18,024)	1,258
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	13	(11,019)	(22,562)
Ús faighte isteach	3	(1)	(2)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(11,017)	(22,560)
Méadú/laghdú airgid agus airgead cinnteachta		(29,041)	(21,302)
Airgead agus airgead cinnteachta ar an 1 Eanáir		149,183	170,485
Airgead agus airgead cinnteachta ar an 31 Nollaig		120,142	149,183

Tá Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

1. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is é ról na Gníomhaireachta tacú le forbairt láithreán Ghráinseach Ghormáin mar shuíomh atá oiriúnach do shaoráidí oideachais, sláinte agus saoráidí eile nach iad. Aistríodh tailte ag láithreán Ghráinseach Ghormáin chuig an nGníomhaireacht ó FSS de réir alt 13 d'Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005 ar an 24 Feabhra 2012.

Amhail ón 21 Deireadh Fómhair 2020, is comhlacht faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta é an Ghníomhaireacht, ach roimhe sin is faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna a bhí an Ghníomhaireacht ag feidhmiú.

Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), an Roinn Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TU Bhaile Átha Cliath) maoiniú ar fáil mar seo a leanas:

- TU Bhaile Átha Cliath
  - Cuirtear maoiniú ar fáil chun saoráidí oideachais a thógáil. Sainaithnítear an maoiniú mar Fhiachas Fadtéarmach agus sainaithnítear na sócmhainní gaolmhara mar shócmhainní seasta inláimhsithe i ráitis airgeadais agus airgead & coibhéisí airgid na Gníomhaireachta (féach Nóta 13 agus Nóta 17).
  - Cuirtear maoiniú ar fáil i ndáil le costais tionscadail áirithe sa chás nach mbíonn na costais seo mar bhonn le sócmhainn a bheith á cruthú. Muirearaítear a leithéid de chostais chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais. Aistrítear an méid céanna ó Fhiachas Fadtéarmach, chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais mar ioncam. Ina theannta sin, roinntear cuid de na costais idir GDA agus TU Bhaile Átha Cliath. Cuimsítear aisghabháil na gcostas seo in ioncam eile.
- Maoiníonn FSS na costais a bhaineann le saoráidí cúraim leanaí a fhorbairt ag an láithreán, (féach Nóta 5).
- Sholáthair DFHERIS maoiniú caipitil agus reatha d'fhorbairt champas Ghráinseach Ghormáin agus costais oibríochtúla na Gníomhaireachta.
- Soláthraíonn DoES – An Roinn Oideachais, maoiniú le haghaidh Bhunscoil Ag Foghlaim Le Chéile D7.

Cuirtear na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a nglactar leo mar mhíreanna ábhartha chomh fada is a bhaineann le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta:

i) AN BONN CUNTASAÍOCHTA

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (FRC).

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS102 úsáid a bhaint as meastacháin chriticiúla chuntasaíochta ar leith. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn sé go mbeidh feidhm á baint as breithiúnas sa phróiseas a bhaineann le cur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta na Gníomhaireachta. Tá na réimsí lena mbaineann leibhéal breithiúnais nó castachta níos airde nó réimsí lena mbaineann foshuíomhanna agus meastacháin atá suntasach chomh fada is a bhaineann leis na ráitis airgeadais arna nochtadh i Nóta ix.

ii) AITHINT IONCAIM

Faigheann an Ghníomhaireacht deontais reatha agus deontais chaipitil ó DFHERIS atá aitheanta mar seo a leanas:

- Déantar cuntas ar dheontais a chuirtear ar fáil chun caiteachas reatha a mhaoiniú ar bhonn fabhraithe.
- Aithnítear deontais a chuirtear ar fáil chun maoiniú caipitil a mhaoiniú ó DFHERIS faoi ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Sa chás go n-úsáidtear na deontais chun sócmhainní caipitil / sócmhainní atá á bhforbairt á maoiniú, aistrítear an méid céanna chuig an gcuntas caipitil, go dtí go n-aistrítear an fhreagracht rialaithe as an bhfoirgneamh críochnaithe chuig TU Bhaile Átha Cliath.

Cuireann an Ghníomhaireacht obair thógála agus forbartha i gcrích thar ceann a geallsealbhóirí. Sa chás go bhfuil teideal dlíthiúil d'fhoirgneamh ag páirtí leasmhar agus go dtabhaíonn an Ghníomhaireacht costais ghaolmhara an chonartha, seolfaidh an Ghníomhaireacht na costais seo ar shonrasc chuig an bpáirtí leasmhar ábhartha. Aithnítear ioncam de réir na méideanna a cuireadh ar an sonrasc. Chomh fada is a bhaineann le tionscadail tógála eile, aithnítear ioncam nuair a aistrítear na rioscaí agus luaíochtaí suntasacha úinéireachta agus rialú éifeachtach aistrithe na bhfoirgneamh foluiteach chuig na páirtithe leasmhara.

iii) AITHINT COSTAS AGUS SÓCMHAINNÍ

Déanann an Ghníomhaireacht idirdhealú idir costais tionscadail agus costais chonartha.

Costais an tionscadail

Áirítear anseo costais réamhthosaigh agus iar-thosaigh sa chás nach mbíonn na costais mar bhonn le sócmhainn a bheith á cruthú ar féidir leis an nGníomhaireacht leas eacnamaíoch a bhaint aisti amach anseo. Muirearaítear a leithéid de chostais chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus chuig cuntas na gCúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad (Nóta 6).

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Áirítear i gcostais tionscadail costais bhunaithe do thionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) a bhaineann le forbairt saoráidí oideachais laistigh de láithreán Ghráinseach Ghormáin. Is idir DFHERIS agus an Chuideachta PPP atá an comhaontú le hoibritheoir PPP maidir le dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil, agus cuirfear íocaíochtaí muirir aonadaigh ar fáil thar thréimhse 25 bliain. Dá bharr sin, ó tharla nach é an Ghníomhaireacht an deontóir chun críche FRS 102 (rannóg 34.12), ní aithneofar i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta na sócmhainní agus dliteanais ghaolmhara faoi chomhaontú PPP.

Costais chonartha

Áirítear anseo caiteachas tabhaithe thar ceann tríú páirtithe (Nóta 5). Cuirtear na costais seo ar aghaidh chuig tríú páirtithe ar shonrasc de réir chéim chríochnaithe an tionscadail. Aithnítear caiteachas agus ioncam ábhartha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar bhonn na méideanna a cuireadh ar shonrasc chuig an tríú páirtí. Áirítear caiteachas tabhaithe nach bhfuil curtha chuig an tríú páirtí ar shonrasc mar obair atá ar siúl ag deireadh na bliana (Nóta 14).

Sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil

Caipitlítear costais a bhaineann le sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil sa chás, i dtuairim na Gníomhaireachta, gur dócha go n-éireoidh le forbairt an tionscadail ghaolmhair agus go mbeidh an leas eacnamaíoch a eascraíonn as oibríochtaí amach anseo cothrom le, ar a laghad, an méid de chaiteachas caipitlithe tabhaithe go dáta.

Baineann costais chaipitlithe chuig sócmhainní atá á bhforbairt le costais tabhaithe le linn an tsócmhainn a fhorbairt chuig an gcéim ar féidir tús a chur leis an obair thógála. Áirítear sna costais a bhaineann leis an gcéim seo a chur i gcrích costais a bhaineann le hiarratas pleanála, oibreacha cumasaithe agus staidéir chomhairleacha. Costais tógála a bhaineann le costais tabhaithe nuair a bhí an tsócmhainn á tógáil (Nóta 13).

Dí-aithníonn an Ghníomhaireacht sócmhainní nuair a chinntear go bhfuil rialú éifeachtach na sócmhainne ábhartha aistrithe chuig eintiteas eile. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé seo tarlú ar dháta roimh dháta aistriú foirmiúil an teidil chuig eintiteas eile ach sa chás go bhféadfadh rioscaí agus luaíochtaí na húinéireachta a bheith aistrithe chuig an eintiteas sin agus/nó go bhfuil GDA páirteach i gcomhaontú chun úinéireacht a aistriú ag dáta éigin amach anseo agus dá bhrí sin nach bhfuil GDA freagrach níos mó as an tsócmhainn ábhartha.

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

iv) OBAIR AR SIÚL

Is éard atá i gceist le hobair ar siúl an ghné neamhshonrasctha de na costais chonartha agus sonraítear obair ar siúl ag costas de réir chéim chríochnaithe an chonartha. Déantar foráil le haghaidh gach caillteanas aitheanta nó ionchais ar chonarthaí (Nóta 14).

v) SOCHAIR SCOIR

Tá scéim scoir le sochar sainithe bunaithe ag an nGníomhaireacht, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthraíonn DFHERIS agus ó ranníocaíochtaí asbhainte ó thuarastail ball foirne. Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, ("Scéim Aonair") bunaithe ag an nGníomhaireacht, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball ar fad le DFHERIS agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear sna costais sochair scoir, sochair tuillte ag fostaithe i rith na tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin a íoctar le DFHERIS agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear méid atá ag comhfhreagairt leis an muirear scoir mar ioncam, a mhéid atá sé in-aisghabhála, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ó DFHERIS.

Léiríonn dliteanais sochair scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochair scoir todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dáta. Léiríonn maoiniú sochair scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ó DFHERIS i dtréimhsí sa todhchaí.

vi) SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Sonraítear talamh ruílse, foirgnimh, sócmhainní a bhaineann le forbairt agus tógáil, daingneáin agus trealamh oifige ag costas, glan ar dhímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin. Áirítear i gcostais caiteachas atá inchurtha go díreach i leith na héadála agus na tógála a bhaineann lena áirithiú go bhfuil sócmhainní i ndea-bhail oibre agus oiriúnach dá n-úsáid bheartaithe.

Ní dhímheastar talamh ruílse, sócmhainní atá á bhforbairt agus tógáil. Cuirtear tús le dímheas sócmhainní atá á bhforbairt agus le tógáil nuair atá an tsócmhainn beagnach críochnaithe agus réidh dá húsáid bheartaithe. Déantar foráil iomlán le haghaidh aon bhearnúcháin i luach na sócmhainne. Ní dhímheastar talamh.

Ríomhtar dímheas chun an costas a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, gach sócmhainn eile mar seo a leanas:

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Ríocht phoiblí, bonneagar láithreáin agus foirgnimh	2% Méid Cothrom
Daingneáin agus trealamh oifige	25% Méid Cothrom

Diúscraítear Sócmhainní Seasta nuair a aistrítear rioscaí agus luaíochtaí suntasacha úinéireachta agus rialú éifeachtach na mbunsócmhainní.

vii) CUNTAS CAIPITIL

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú.

viii) RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÓGÁLA

Faigheann an Ghníomhaireacht maoiniú ó TU Bhaile Átha Cliath chun críocha saoráidí oideachais a thógáil agus a fhorbairt ag Gráinseach Ghormáin. Soláthraíonn TU Bhaile Átha Cliath maoiniú sula ndéanann an Ghníomhaireacht na híocaíochtaí gaolmhara. Aithníonn an Ghníomhaireacht creidiúnaí fadtéarmach de réir an mhaoinithe a fhaightear ó TU Bhaile Átha Cliath a chuirfear ar ceal nuair a aistreofar na sócmhainní críochnaithe chuig TU Bhaile Átha Cliath.

Sa chás go n-úsáidtear an maoiniú chun costais tabhaithe i rith thógáil na sócmhainní a íoc, taifeadtar na costais seo mar shócmhainní seasta sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. Sa chás go ngearrtar dímheas ar na sócmhainní seo, creidiúnaítear méid maoinithe mar an gcéanna chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe trí mhéid an chreidiúnaí fhadtéarmaigh a laghdú.
Sa chás go n-úsáidtear an maoiniú chun costais tionscadail a íoc, gearrtar a leithéid de chostais chuig Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe agus creidiúnaítear an méid céanna maoinithe chuig Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, agus ar an tslí sin, laghdaítear an creidiúnaí fadtéarmach.

ix) BREITHIÚNAIS CHRITICIÚLA CUNTASAÍOCHTA AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ MEASTACHÁIN

Tá ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta a cheanglaíonn ar an nGníomhaireacht meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus dliteanas agus nochtadh sócmhainní agus dliteanas teagmhasach ag dáta na ráiteas airgeadais agus méideanna tuairiscithe ioncaim agus costas i rith na tréimhse tuairiscithe. Sa chomhthéacs sin, creideann Baill an Bhoird go bhfuil na beartais chriticiúla cuntasaíochta ar gá breithiúnais nó meastacháin a dhéanamh lena n-aghaidh sonraithe go hachomair thíos.

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Baill an Bhoird ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta agus go háirithe, saolré gheilleagrach úsáideach agus luachanna iarmharacha talamh agus foirgneamh agus daingneán agus feisteas, agus cinneadh go bhfuil an tsaolré sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta costas cúraim sláinte), a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha mhargadh an tsaothair amach anseo
(iii) rátaí treochta costas cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

2. Ioncam

Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an maoiniú seo a leanas ar fáil don Ghníomhaireacht i rith na bliana:

	2021	**2020**
	€'000	**€'000**
DFHERIS – Reatha (Fo-cheannteideal B. 14)	3,212	3,137
DFHERIS – Caipiteal (Fo-cheannteideal B.16)	895	519
DOES – Caipiteal (Bunleibhéal)	6,328	86
Ranníocaíochtaí sochair scoir íoctha le DFHERIS / DPER	0	0
FSS – Costais chonartha	179	683
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Spóirt An Clár Caipitil	39	2
	10,653	4,427

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Bronnadh deontas ar an nGníomhaireacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, faoin gClár Caipitil Spóirt in 2017, luach €111,500 chun trí thionscadal spóirt a mhaoiniú. In 2021, cuireadh tús le tionscadal amháin – uasghrádú cheantar MUPS lena n-áirítear dromchla asfailt nua agus cuaillí ilchuspóireacha nua agus ceannaíodh sé rothar aclaíochta nua. Mhaoinigh an deontas a fuarthas in 2021 95% den chostas.

3. Ioncam Eile

	2021 €'000	2020 €'000
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	380	1,128
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – aistriú foirgneamh	19,800	0
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – aisíoc costas	1,089	397
Eile - Aisghabháil costas eile	87	367
Ús bainc	1	2
	21,357	1,894

I rith 2021, aistríodh freagracht as rialú an Tí Íochtair chuig TU Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh ar an idirbheart seo aithníodh ioncam ó TU Bhaile Átha Cliath agus laghdú meaitseála sa dliteanas fadtéarmach le TU Bhaile Átha Cliath. I rith 2020 níor aistríodh aon fhoirgnimh nó sócmhainní chuig TU Bhaile Átha Cliath.

Mar a tuairiscíodh i nóta 17, cuireadh €288k ar fáil le haghaidh ioncam eile a chuimsítear ann maoiniú le haghaidh costas tionscadail luach €190k, méid a cuireadh ar fáil chun dímheas luach €98k a mheaitseáil. Fabhraíodh €92k a chiallaigh go raibh €380k ar fad á chur le hioncam eile in 2021.

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

4. Cuntas Caipitil

	2021 €'000	2020 €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	88,497	89,395
Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:		
Cistí leithdháilte ar shócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil	6,454	86
Diúscairt sócmhainní seasta (talamh) chuig TU BAC	(448)	0
Amúchta de réir dímheas sócmhainní	(1,035)	(984)
Gluaiseacht iomlán sa bhliain	4,971	(898)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	93,468	88,497

Is ionann iarmhéid an chuntais chaipitil agus an méid ioncaim amúchta, faighte ó DFHERIS, a úsáideach chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach. Mar gheall ar nádúr mhodh maoinithe na Gníomhaireachta agus mar gheall ar an mbealach a aithnítear ioncam, d'fhéadfadh go mbeadh moill idir costas sócmhainn sheasta a thaifeadadh agus maoiniú gaolmhar a fháil.

5. Costais Chonartha

	2021 €'000	2020 €'000
Costais chonartha	179	683

Suas go dtí an 31 Nollaig 2021, bhí costais chonartha tabhaithe ag an nGníomhaireacht a bhí curtha ar shonrasc chuig FSS a raibh luach €35,189k luaite leo. Baineann na costais seo ar fad le conarthaí le FSS maidir le forbairt saoráidí cúraim sláinte. Tá miondealú ar na costais muirearaithe chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe le fáil thíos:

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

	Caiteachas Carnach Roimh 2021 €'000	2021 €'000	Caiteachas Carnach Iomlán €'000
Dlíthiúil agus gairmiúil	3,998	179	4,177
Oibreacha cumasaithe agus tógála	30,027	0	30,027
Feistiú agus tírdhreachú	804	0	804
Athchóiriú agus athlonnú	58	0	58
Bainistíocht & cothabháil eastáit	43	0	43
Ilearraí	74	0	74
Poiblíocht agus caidreamh poiblí a bhain leis an tionscadal	6	0	6
Costais chonartha iomlána cúitithe ag FSS	35,010	179	35,189

Go dtí seo, tá Ospidéal Meabhairshláinte Phoenix agus an tIonad Cúraim Phríomhúil críochnaithe agus in úsáid. Tá tús curtha le pleanáil agus dearadh na Comharsanachta Cúraim Chónaithe.

6. Costais an Tionscadail

	2021 €'000	2020 €'000
Seirbhísí dlí	260	111
Comhairleoireacht dearaidh	643	1,186
Táillí gairmiúla – Comhordaitheoirí Tionscadail	290	242
Oibreacha cumasaithe agus tógála	224	200
Bainistíocht & Cothabháil Eastáit	212	301
	1,629	2,040

Áirítear i gcostais tionscadail luach €1,629k (2020: €2,040k) €937k (2020: €1,452k) tabhaithe i ndáil le costais bhunaithe thionscadal leanúnach PPP a bhaineann le forbairt saoráidí oideachais laistigh de láithreán Ghráinseach Ghormáin.

Cearnóga PPP

Tá dhá fhoirgneamh acadúla faighte ag an Stát le haghaidh champas Ghráinseach Ghormáin trí phróiseas PPP. Is é Aire DFHERIS an páirtí conarthach agus tá an próiseas

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

soláthair á bhainistiú le haghaidh agus thar ceann an Aire agus Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ag NDFA atá ag feidhmiú mar ghníomhaire an aire mar a fhoráiltear in Acht NTMA (Leasú), 2014. Is é GDA an t-údarás stáit atá freagrach as athnuachan láithreán Ghráinseach Ghormáin de réir a reachtaíochta bunaidh.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht agus TU Bhaile Átha Cliath leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) ar an dearadh agus soláthar a bhain leis an tionscadal seo. Tá na costais bhunaidh a bhaineann leis an tionscadal PPP a sholáthar á maoiniú ag DFHERIS agus á ndíscríobh ag an nGníomhaireacht de réir mar a thabhaítear costais tionscadail. Tá gealltanais na Gníomhaireachta maidir leis na costais bhunaidh le haghaidh na dtionscadal PPP seo le fáil i Nóta 20 - ceangaltais chaipitil. Cuimsítear táillí dearaidh agus dlí i gcostais soláthair PPP. Cuireadh tús leis an obair thógála a bhain leis an tionscadal ar an 28 Márta 2018.

Ghlac Aire DFHERIS páirt i gComhaontú Tionscadail le páirtí PPP, Eriugena, a sholáthair dhá fhoirgneamh do champas Ghráinseach Ghormáin TU Bhaile Átha Cliath ar bhonn dearaidh, tógála, maoinithe agus cothabhála le haghaidh íocaíochtaí Muirir Aonadaigh thar thréimhse 25 bliain. Tugadh an Chearnóg Thoir ar láimh do TU Bhaile Átha Cliath ar an 21 Nollaig 2020 agus tugadh an Chearnóg Láir ar láimh ar an 10 Márta 2021. Nuair a chuirtear tús leis an tseirbhís, tá íocaíochtaí Muirir Aonadaigh iníoctha ag DFHERIS agus TU Bhaile Átha Cliath.

Go dtí an 31 Nollaig 2021, bhí costais tionscadail iomlána de €41,180k tabhaithe ag an nGníomhaireacht a áirítear iontu €15,559k a bhain le costais bhunaithe PPP agus tá siad san áireamh sna costais neamhchaipitlithe iomlána a bhaineann le forbairt saoráidí oideachais agus cúraim sláinte. Tá miondealú ar na príomhchodanna sonraithe thíos:

	2021	**2020**
	€'000	**€'000**
Scéim pleanála an Mháistirphlean, na Forbartha Straitéisí agus an Chreasa Forbartha Straitéisí (SDZ)	8,425	8,425
Bonneagar láithreáin agus ríocht phoiblí	417	417
Coigeartú le haghaidh blianta roimhe sin	161	161
Costais neamhchaipitlithe a bhaineann le forbairt saoráidí oideachais agus cúraim sláinte	32,177	30,548
	41,180	39,551

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

7. Costais Foirne

	2021 €'000	2020 €'000
Pánna agus tuarastail	1,494	1,339
Baill foirne ar iasacht & gníomhaireachta	193	237
ÁSPC Fostóra	162	142
Oiliúint agus earcaíocht ball foirne	43	17
	1,892	1,735

Líon na bhfostaithe

Bhí 22 (2020: 20) ball foirne ar an meán fostaithe go díreach ag an nGníomhaireacht i rith na bliana.

Bhí 3.5 (2020: 4) ball foirne ar an meán fostaithe trí iasacht nó trí sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí i rith na bliana.

Asbhaineadh €31k (2020: €28k) ó bhaill foirne trí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise agus íocadh an ranníocaíocht sin le DFHERIS.

Bhí costais fáilteachais lucht bainistíochta agus ball foirne cothrom le €2k (2020: €2k). Bhí an caiteachas iomlán ar thaisteal thar lear a thabhaigh an POF agus baill foirne cothrom le €nil (2020: € 234).

Miondealú ar shochair fostaithe*

Raon na sochar fostaithe iomlán Líon na bhfostaithe

Ó	Go dtí	2021	2020
€20,000	- €29,999	1	1
€30,000	- €39,999	1	2
€40,000	- €49,999	1	2
€50,000	- €59,999	1	1
€60,000	- €69,999	6	4
€70,000	- €79,999	4	5
€80,000	- €89,999	6	5
€90,000	- €99,999	1	0
€100,000	- €109,999	0	0
€110,000	- €119,999	1	1
		22	21

*Baineann sé le baill foirne a bhí fostaithe go díreach ag an nGníomhaireacht amhail ag an 31 Nollaig 2021.

8. Costais Sochair Scoir

(a) Scéim Sochair Scoir

Tá scéim aoisliúntais le sochar sainithe neamh-mhaoinithe bunaithe ag an nGníomhaireacht do bhaill foirne. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoin Scéim as an ioncam reatha. Tá ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí iníoctha le DFHERIS i ndáil leis an bpríomhscéim agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le scéim Aonair na hearnála poiblí.

Is socrú sochair shainithe scoir tuarastail deiridh é an Scéim le sochair agus ranníocaíochtaí atá á sainiú trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha "samhail" scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an Scéim sochar scoir (ochtódú don bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú don bhliain seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir 65ú breithlá an chomhalta, agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Méadaítear íocaíocht an tsochair scoir (agus iarchur) ar bhonn discréideach de réir boilsciú ginearálta tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, is comhaltaí den Scéim Sochair Scoir Seirbhíse Poiblí Aonair iad iontrálaithe nua. Soláthraíonn sé seo sochair bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime athluacháilte de réir méaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Beidh aois scoir íosta na Scéime nasctha le haois an Phinsin Stáit.

Tá na torthaí thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais a bhaineann le comhaltaí foirne reatha, ar scor agus iarchurtha de chuid na Gníomhaireachta amhail ar an 31 Nollaig 2021.

Achtúire neamhspleách cáilithe a rinne an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin cuntasaíochta, FRS 102 – Sochair Scoir. Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS 102:

	2021	**2020**
Ráta lascaine	1.20%	0.80%
Ráta méadaithe tuarastal	3.50%	2.50%
Ráta méadaithe sochar scoir	3.00%	2.00%
Boilsciú	2.00%	1.75%

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

(b) Ráiteas ar Aithint Staid an Airgeadais

Seo a leanas na méideanna aitheanta i Ráiteas Staid an Airgeadais:

	2021 €'000	2020 €'000
Luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe atá go hiomlán neamhchistithe	4,127	2,923
Luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe atá cistithe go hiomlán nó i bpáirt	0	0
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	(4,127)	(2,923)
Glandliteanas aitheanta i Ráiteas Staid an Airgeadais ag an 31 Nollaig	0	0

(c) Glanmhaoiniú iarchurtha do bhliain na sochar scoir

	2021 €'000	2020 €'000
Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais sochair scoir na bliana reatha	479	400
Lúide: íocaíochtaí sochair scoir	(35)	(8)
	444	392

(d) Anailís ar na costais sochair scoir iomlána muirearaithe chuig caiteachas

	2021 €'000	2020 €'000
Costas seirbhíse reatha	456	375
Costas úis	23	25
Aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí fostaithe	(3)	0
Costais aitheanta sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus i gcuntas na gcúlchistí ioncaim coinnithe	476	400

(e) Dliteanas an mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Aithníonn an Ghníomhaireacht méideanna dlite ón stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochar scoir ar bhonn roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. Áirítear i measc na dteagmhas seo an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas i ndáil le sochair scoir seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

próiseas meastachán bliantúil. Ainneoin nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus aon ráthaíocht, dá réir sin, maidir leis na méideanna sonracha seo le DFHERIS, níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht nach leanfaidh an beartas maoinithe seo leis an méid seo a sholáthar de réir an bheartais reatha. Bhí an dliteanas maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail ar an 31 Nollaig 2021 cothrom le €4,127k (an 31 Nollaig 2020 - €2,923k).

Is socrú sochair shainithe scoir tuarastail deiridh é an scéim le sochair agus ranníocaíochtaí atá á sainiú trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha shamhail scéim na hearnála poiblí.

(f) Gluaiseacht san oibleagáid le sochar sainithe

Athruithe i luach láithreach na hoibleagáide le sochar sainithe:

	2021 €'000	2020 €'000
Luach láithreach na hoibleagáide le sochar sainithe ag an 1 Eanáir	2,923	2,171
Costas seirbhíse reatha	456	375
Costais úis	23	25
Sochair íoctha sa bhliain	(35)	(8)
Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach	760	360
Luach láithreach na hoibleagáide le sochar sainithe ag an 31 Nollaig	4,127	2,923

9. Costais Bhunaithe

	2021 €'000	2020 €'000
Deisiú agus cothabháil	15	6
Glantachán	4	15
Árachas	70	56
Cíos	27	2
Solas agus teas	33	61
Bainistíocht dramhaíola	0	1
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainn Sheasta	0	2
	149	143

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

10. Seirbhísí Gairmiúla

	2021 €'000	2020 €'000
Seirbhísí dlí	30	68
Cuntasaíocht / Comhairleoireacht Airgeadais	3	3
Comhairleoireacht (lena n-áirítear comhairle maoine)	147	252
Táillí Iniúchta Inmheánacha	18	22
Táille chomhairleach pinsin	6	4
Táillí Gairmiúla eile	85	190
	289	539

11. Costais Oibriúcháin Ghinearálta

	2021 €'000	2020 €'000
Priontáil, postas agus stáiseanóireacht	4	15
Teileafón	6	8
Costais suímh gréasáin agus TF	61	55
Costais oifige	12	6
Costais chruinnithe	1	2
Nuachtáin, irisí agus ábhar tagartha	0	0
Síntiúis	18	8
Taisteal agus cothú	0	2
Ús Iníoctha	13	5
	115	101

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

12. Táillí Chomhaltaí Boird agus Tuarastal an POF

	2021 €'000	2020 €'000
Luach saothair an Chathaoirligh	9	9
Táillí chomhaltaí boird	42	40
Táillí chomhaltaí boird	0	2
	51	51

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	2021 €'000	2020 €'000
Buntuarastal	112	107
Taisteal, cothú agus síntiúis ghairmiúla	1	1

Is comhalta é an POF de scéim le sochar sainithe neamh-mhaoinithe na hearnála poiblí agus ní théann a theidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

13. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh, ríocht phoiblí, bonneagar láithreáin agus foirgnimh	Sócmhainní á bhforbairt agus á dtógáil	Daingneáin agus trealamh oifige	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
COSTAS				
Ag an 1 Eanáir 2021	93,323	36,733	300	130,356
Breiseanna	136	10,836	47	11,019
Diúscairt	(448)	(19,800)	(17)	(20,265)
Ag an 31 Nollaig 2021	93,011	27,769	330	121,110

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

	Talamh, ríocht phoiblí, bonneagar agus foirgnimh €'000	Sócmhainní á láithreáin agus dtógáil €'000	Daingneáin bhforbairt agus á	agus trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
DÍMHEAS					
Ag an 1 Eanáir 2021	5,707	0		72	5,779
Muirear don bhliain	1,063	0		71	1,134
Diúscairtí	0	0		(16)	(16)
Ag an 31 Nollaig 2021	6,770	0		127	6,897
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR					
Ag an 31 Nollaig 2021	86,241	27,769		203	114,213
Ag an 31 Nollaig 2020	87,616	36,733		228	124,577

In 2021, aistríodh freagracht as rialú an Tí Íochtair chuig TU Bhaile Átha Cliath agus tá eolas maidir leis an diúscairt le fáil sna sócmhainní thuas. Cuireadh an méid céanna maoinithe, €19,800k ar fáil, faoin Iasacht Fhadtéarmach, féach nóta 17 (c).

Sa bhliain 2020 níor aistríodh aon rialú talún nó sócmhainní foirgnimh chuig TU Bhaile Átha Cliath.

De réir Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005, tá talamh laistigh de láithreán Ghráinseach Ghormáin le cur ar fáil don Ghníomhaireacht chun saoráidí sláinte agus oideachais a thógáil.

Idir na blianta 2012 agus 2014, aistríodh thart ar 55 acra talún chuig an nGníomhaireacht ó FSS le haghaidh mionchomaoin de €20.

Tá 73 acra ar fad i láithreán Ghráinseach Ghormáin a úsáidfear mar seo a leanas:

- Úsáidfear thart ar 18 n-acra le haghaidh tionscadal sláinte agus beidh sé fós faoi úinéireacht FSS.
- Tá sé beartaithe 55 acra a úsáid le haghaidh tionscadal oideachais agus spóirt. Aistríodh acra amháin den talamh seo chuig TU Bhaile Átha Cliath in 2017 agus aistríodh 0.5 n-acra eile in 2021.

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist leis na sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil - Bunscoil D7ET (€7.9m), Mol Acadúil (€6.0m), an Chearnóg Thiar (€5.7m), an tIonad Fuinnimh (€3.9m), an t-ionad sealadach Feistis Spóirt (€2.0m), an Cheardlann priontála (€1.6m) agus tionscadail níos lú (€0.7m).

Bhog an Ghníomhaireacht ó na hoifigí a bhí in úsáid aici i bhfoirgneamh an Túir Chloig go dtí Teach na Páirce (faoi úinéireacht TU Bhaile Átha Cliath) i mí Eanáir 2021. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir GDA agus TU Bhaile Átha Cliath ar an 18 Nollaig 2020, le haghaidh tréimhse 10 mbliana don spás oifige 475 méadar cearnach.

14. Obair ar Siúl

	2021 €'000	2020 €'000
Obair ar siúl	0	0

15. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	2021 €'000	2020 €'000
Infháltais trádála	522	330
Méideanna dlite ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	0	0
Méideanna dlite ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	324	1,176
Ioncam fabhraithe	240	144
Infháltais agus réamhíocaíochtaí ilearraí	68	66
	2,006	864

Meastar go bhfuil gach iarmhéid infhála in-aisghafa laistigh de bhliain amháin.

16. Dliteanais Reatha

Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	2021 €'000	2020 €'000
Míreanna iníoctha	295	863
Méideanna dlite d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	169	231
Seirbhísí gairmiúla ag siarchoinneáil cánach	63	249
Cánachas breisluacha	281	567
RCT	0	0

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

ÍMAT / ÁSPC	54	51
Fabhruithe	3,227	3,059
Ioncam iarchurtha	5,622	3,166
Coinneáil ar oibríochtaí tógála	559	647
Ilearraí iníoctha	82	91
	10,414	8,862

17. Dliteanais Fhadtéarmacha

Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin	**2021 €'000**	**2020 €'000**
Réamhíocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí tógála	131,441	176,366

Cuireann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maoiniú ar fáil don Ghníomhaireacht trí réamhíocaíochtaí chun saoráidí oideachais a thógáil agus a fhorbairt ag Gráinseach Ghormáin. Ag an 31 Nollaig 2021, bhí €17,508k (2020: €32,655k) úsáidte chun costais tabhaithe i rith thógáil agus fhorbairt saoráidí oideachais a íoc, atá san áireamh i sócmhainní seasta. Nuair a aistreofar an tsócmhainn chríochnaithe chuig TU Bhaile Átha Cliath, cuirfear deireadh le hiarmhéid an chreidiúnaí.

		2021 €'000	**2020 €'000**
Iarmhéid ar an 1 Eanáir		176,366	178,295
Réamhíoctha i rith na bliana		0	7,257
Costais na diúscartha maoine		0	0
Méid curtha le hioncam eile i ndáil le costais tionscadail sa bhliain	(a)	(190)	(1,041)
Méideanna aistrithe chuig TU Bhaile Átha Cliath	(b)	(24,837)	(8,048)
Aistriú Sócmhainní chuig TU Bhaile Átha Cliath	(c)	(19,800)	0
Dímheas	(a)	(98)	(97)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig		131,441	176,366

Cuimsítear san iarmhéid	**2021**	**2020**

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

	€'000	€'000
Maoiniú TU Bhaile Átha Cliath nach raibh úsáidte ag deireadh na bliana, iarmhéid airgid & coibhéisí airgid	113,934	143,711
Maoiniú carnach úsáidte chun sócmhainní a fhorbairt (d)	17,507	32,655
Iarmhéid Dliteanais Fhadtéarmaigh TU BAC ar an 31 Nollaig	131,441	176,366

(a) Cuimsítear sa mhéid a cuireadh ar fáil don chuntas ioncaim maoiniú le haghaidh costas tionscadail luach €190k, méid a cuireadh ar fáil chun dímheas luach €98k a mheaitseáil. Tá tuairisciú déanta ar a leithéid sin d'ioncam i Nóta 3.

(b) Aistríodh €24,837k chuig TU Bhaile Átha Cliath do thionscadail atá á mbainistiú go díreach ag TU Bhaile Átha Cliath ar champas Ghráinseach Ghormáin – Trealamh Closamhairc & TFC €9,228k; Íocaíocht CBL ar Chearnóga PPP €7,860k; Teach na Páirce €6,357k; agus Teach Ráth an Dúin €1,392k.

(c) Aistríodh an Teach Íochtair chuig TU Bhaile Átha Cliath ar an 31 Lúnasa 2021, agus baineann €19,800k le luach an fhoirgnimh. Diúscairt sócmhainní atá á bhforbairt & á dtógáil i Nóta 13.

(d) Cuimsítear sa Mhaoiniú Carnach úsáidte d'fhorbairt sócmhainní (€17,508) an Chearnóg Thiar €5,733k; an Mol Acadúil €4,044k; an tIonad Fuinnimh €3,655k; Saoráidí Seomraí Feistis do Spóirt €1,700k; Ceardlann Priontála €1,534k agus tionscadail níos lú €842k.

Tá an maoiniú a cuireadh ar fáil agus nach raibh úsáidte ag deireadh na bliana san áireamh in iarmhéid bainc na Gníomhaireachta. Mar a sonraíodh sa bheartas cuntasaíochta, áirítear costais na sócmhainní tógtha sna sócmhainní inláimhsithe ar feitheamh a n-aistriú chuig TU Bhaile Átha Cliath (Nóta 13).

18. Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	2021 €'000	2020 €'000
Ar an 1 Eanáir	899	692
Barrachas don bhliain	139	207
Ar an 31 Nollaig	1,038	899

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Iarmhéid ar Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Is deontais stáit é go leor den ioncam i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, atá á chur ar fáil chun dliteanais atá ag aibiú i rith na bliana a íoc seachas chun caiteachas tabhaithe i rith na bliana a íoc. Taifeadtar caiteachas ar bhonn fabhraithe. Dá bharr, ní léirítear in iarmhéid an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais agus na gCúlchistí Ioncaim Coinnithe, gnáthbharrachas oibriúcháin nó easnaimh ach léirítear ann an difríocht idir caiteachas ar bhonn fabhraithe agus maoiniú ar bhonn airgid.

19. Leasanna Chomhaltaí Boird

Ghlac an Ghníomhaireacht le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le leasanna a bheith á nochtadh ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta suntasacha i rith na bliana a bhain le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh leas tairbhiúil ag Comhalta Boird iontu.

20. Gealltanais Chaipitil

Tá sonraí le fáil thíos maidir le gealltanais chaipitil ag an dáta cuntasaíochta:

	2021 **€'000**	**2020** **€'000**
Conradh bunaithe ach níl foráil déanta sna ráitis airgeadais		
Costais bhunaithe PPP	149	1,457
Neamh-PPP	12,713	7,238
	12,862	8,695

21. Anailís ar Athruithe ar Ghlanchistí

	Iarmhéid Tosaigh €'000	Sreafaí airgid €'000	Iarmhéid Deiridh €'000
Airgead sa bhanc agus Coibhéisí Airgid	149,183	(29,041)	120,142
Glanchistí	149,183	(29,041)	120,142

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

22. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Is páirtí gaolmhar é TU Bhaile Átha Cliath de bhua comóntacht Chomhaltaí boird áirithe.

Is páirtí gaolmhar é FSS de bhrí gur comhaltaí de Bhord na Gníomhaireachta iad roinnt fostaithe sinsearacha de chuid FSS.

Ní raibh aon idirbhearta páirtí gaolmhar suntasach ann i rith na bliana seachas na hidirbhearta nochta i Nóta 5, 12 agus 16.

Áirítear i measc phríomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta an POF agus comhaltaí den Bhord. Bhí an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus costais bhaill an Bhoird agus luach saothair iomlán an POF cothrom le €163k (2020: €158k).

23. Dliteanas Teagmhasach

Tá an Ghníomhaireacht den tuairim nach bhfuil foráil le déanamh le haghaidh aon dliteanais theagmhasacha ag dáta faofa na ráiteas airgeadais.

24. Teagmhais i nDiaidh Dheireadh na Bliana Airgeadais

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais atá le heisiúint a cheanglaíonn coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tuigeann an Bord gur teagmhas suntasach é paindéim COVID 19 atá ag leanúint ar aghaidh ón dáta tuairiscithe. Tá an Bord ag glacadh go dáiríre leis seo agus tá faireachán á dhéanamh ar an staid i gcomhar leis an lucht bainistíochta, ar bhonn leanúnach.

25. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 28.09.2022

An tUasal Paul O'Toole	An tUasal Gerrard Casey
Cathaoirleach	Comhalta Boird

Aguisíní

AGUISÍN 1

An Grúpa Comhairleach*

An Roinn Oideachais agus Scileanna/an tÚdarás Um Ard-Oideachas
Andrea Valova

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Folamh

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Eoin Farrell

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Collette Burns
Thomas Stone

Foireann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Ronan Dunphy
Leslie Shoemaker

Mic léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Sharon Hughes
Mark O'Donnell

Ionadaithe Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
An Clr Ray McAdam
An Clr Nial Ring

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Fiona Davis

Ionadaithe Úsáideoirí Seirbhíse Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Annette Murphy
Kathleen Eccles

Ionadaithe Poiblí
Neasa Hourigan TD

Cónaitheoirí Áitiúla
Eugene Kelly
Mark O'Neill

*amhail ó dheireadh 2021

Aguisíní

AGUISÍN 2

Foireann na Gníomhaireachta

Ger Casey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dominick Healy — Stiúrthóir Foirgníochta agus Bonneagair
Peter O'Sullivan — Stiúrthóir Airgeadais
Nora Rahill — Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha
Conor Sreenan — Stiúrthóir Straitéise agus Deartha

Padraic Ballantyne — Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
Shay Bowman — Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
Anne-Marie Deasy — Riarthóir
Kehinde Oluwatosin — Pleanálaí Sinsearach
Catherine Hallinan — Rialaitheoir Airgeadais
Lori Keeve — Bainisteoir Cumarsáide
Aideen Lowery — Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
Des Marmion — Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
Kathleen McCann — Comhordaitheoir Fostaíochta agus Oiliúna
Robert Moore — Bainisteoir Faisnéise Tionscadal
Pat Moynihan — Innealtóir Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadail
Derek Niven — Suirbhéir Cainníochta Sinsearach /Comhordaitheoir Tionscadal
Catherine Opdebeeck — Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
Pat O'Sullivan — Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
James Stone — Inteirn Suirbhéara Cainníochta
Edward Scanlon — Ailtire Sinsearach/Comhordaitheoir Tionscadal
Catherine Stapleton — Cuntasóir Cúnta
Nigel Thompson — Suirbhéir Cainníochta Sinsearach /Comhordaitheoir Tionscadal

*amhail ó dheireadh 2021